piab

Bord Measúnaithe
Díobhálacha Pearsanta
*Personal Injuries
Assessment Board*



An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# Tuarascáil Bhliantúil 2020

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 3 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 5 |
| PIAB de réir uimhreacha - 2020 | 8 |
| **1 -** Éilimh agus Dámhachtainí | 10 |
| Forbhreathnú | 10 |
| Súil Níos Géire | |
| **Dliteanas Mótair** | **18** |
| **Dliteanas Fostóirí** | **20** |
| **Dliteanas Poiblí** | **22** |
| **2 -** Nuálaíocht agus Sármhaitheas Custaiméirí | 26 |
| **3 -** An córas díobhálacha pearsanta a athchóiriú agus a fheabhsú | 29 |
| **4 -** Ár nDaoine | 31 |
| **5 -** Rialachais agus Ráitis Airgeadais | 33 |



# Cé sinne:

**Is comhlacht poiblí féin-mhaoinithe é an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) a bunaíodh in 2004 chun tacú le réiteach cóir, pras agus trédhearcach éileamh díobhálacha pearsanta gan gá le dlíthíocht neamhriachtanach.**

Trí PIAB, is féidir cineálacha áirithe éileamh díobhála pearsanta, i gcás ina bhfuil dliteanas gan chonspóid, a shocrú gan gá le go leor de na costais a bhaineann le dlíthíocht, rud a d'fhéadfadh cur leis an gcostas ard a bhaineann le héilimh den sórt sin a shocrú.

Tá cuid lárnach againn maidir le hathchóiriú na hearnála árachais agus timpeallacht na ndíobhálacha pearsanta, agus ginimid na milliúin euro i gcoigilteas a chaithfí ar éilimh a phróiseáil murach sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh costais níos airde ar shealbhóirí polasaithe.

# An Méid a Dhéanaimid:

- Déanann PIAB measúnú neamhspleách ar éilimh ar chúiteamh a éiríonn as díobhálacha pearsanta a tharla mar thoradh ar:
  - **thimpistí mótair,**
  - **timpistí san ionad oibre,** nó
  - **timpistí dliteanais phoiblí**
- Caithfear gach éileamh díobhála pearsanta, seachas eisceachtaí áirithe, mar chásanna faillí leighis, a chur faoi bhráid PIAB mura socraíonn na páirtithe lena mbaineann iad go luath.
- Tá measúnuithe cúiteamh cóir, neamhspleách agus neamh-sháraíochta.
- Mar thoradh air seo réitítear éilimh níos gasta, níos comhsheasmhaí agus níos saoire agus ar an gcaoi sin rachaidh páirtithe agus an tsochaí chun leasa.
- Déanann PIAB sonraí ar éilimh agus dámhachtainí díobhálacha pearsanta a bhailiú agus a anailísiú.

# Próiseas Éileamh 5 Chéim

## Iarratas ar Dhámhachtain

### Céim 1
**An tIarratas**

Má tharla timpiste duit agus gur mhaith leat éileamh a chur isteach:

- Comhlánaigh foirm iarratais *(Foirm A)*
- Cuir isteach do thuarascáil leighis *(ó do chleachtóir cóireála)*
- Íoc an táille iarratais €45 (€90 má tá iarratas a dhéanamh agat tríd an bpost)

### Céim 2
**Fógra Foirmiúil**

Eisíonn PIAB doiciméad dlíthiúil ar a dtugtar 'Fógra Foirmiúil' don duine a mheasann tú atá freagrach as do thimpiste (Freagróir) agus/nó a árachóir

- Tá 90 lá ag an bhFreagróir chun freagra a thabhairt ag léiriú cibé an mian leo go ndéanfadh PIAB an t-éileamh a mheas nó nach mian
- Más amhlaidh gur mian, íocann an Freagróir táille €600 agus fáltais PIAB
- Mura mian leis, eisíonn PIAB doiciméad dlíthiúil duit ar a dtugtar 'údarú' a chuireann ar do chumas an t-ábhar a thabhairt chun cúirte más mian leat

### Céim 3
**Próiseas Éileamh**

Mar chuid den phróiseas seo, éileofar ort:

- Freastal ar scrúdú/ scrúduithe dochtúra neamhspleácha (más ábhartha)
- Sceideal comhlánaithe Damáistí Speisialta agus Teastas Caillteanas Ioncaim (foirmeacha le haghaidh costais as póca, caillteanas ioncaim srl)

### Céim 4
**Measúnú Éileamh**

Nuair a fhaigheann muid gach faisnéis, féadfaidh PIAB dul ar aghaidh chun d'éileamh a mheasúnú.
Beidh na méid seo a leanas i gceist leis:

- Measúnú ar d'éileamh bunaithe ar na Treoirlínte Díobhálacha Pearsanta
- Eiseoidh PIAB Fógra Dámhachtana duit féin agus don fhreagróir. Beidh deis ag gach páirtí an measúnú a athbhreithniú agus an dámhachtain a ghlacadh nó a dhiúltú *(Tá 28 lá ag an Éilitheoir agus tá 21 lá ag an bhFreagróir)*

### Céim 5
**Dámhachtain nó Údarú**

Má **glacann gach páirtí** lenár measúnú:

- Eisíonn PIAB 'Ordú le hÍoc' (a bhfuil an stádas céanna aige le hOrdú Cúirte) don fhreagróir nó dá árachóirí á threorú dóibh an tsuim a dhámhann muid ort a íoc

Mura nglacann **páirtí amháin nó gach páirtí lenár** measúnú:

- Eiseoidh PIAB doiciméad dlíthiúil duit ar a dtugtar 'Údarú' a chuirfidh ar do chumas an t-ábhar a thabhairt chun cúirte más mian leat

**Nóta:** Leagan simplithe é seo dár bpróiseas. Déantar gach iarratas a mheasúnú ar bhonn cás ar chás agus féadfaidh eisceachtaí a bheith i bhfeidhm. Le haghaidh tuilleadh sonraí ar ár bpróisis, téigh chuig ár láithreán gréasáin www.piab.ie

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Ba bhliain an-dúshlánach í 2020 don gheilleagar agus do gach réimse de shochaí na hÉireann mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus a thionchar tromchúiseach ar eagraíochtaí, pobail, gnóthais agus daoine aonair.**

Ciallaíonn sé sin nach raibh tréimhse riamh ann inar theastaigh tairbhí agus coigilteas costais arna soláthar ag córas PIAB chomh mór is atá siad ag teastáil anois. De réir mar a ghluaiseann Éire isteach i dtréimhse téarnaimh gheilleagraigh, táimidne sa PIAB tiomanta ár ról a imirt i rannchuidiú le córas díobhálacha pearsanta atá cóir do chách, ach a laghdaíonn na costais agus an t-am a ghlactar chun éilimh a réiteach chun leasa polasaithe sealbhóirí, an gheilleagair agus na sochaí i gcoitinne chomh maith.

## Díobhálacha Pearsanta in Éirinn a Athchóiriú

Ó bunaíodh muid, ba í fís an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) córas cothrom, éifeachtúil agus neamh-sháraíochta a chur chun cinn agus a oibriú agus díobhálacha pearsanta a réiteach agus oibriú i gcomhar le daoine eile chun leasuithe a chur chun cinn sa réimse díobhálacha pearsanta.

Is ról ríthábhachtach é ról PIAB agus, cé go raibh ár seirbhís an-éifeachtach thar na blianta, tá gá anois, níos mó ná riamh, le cabhair gach duine chun buntáistí ár seirbhíse a thabhairt chun cinn go hiomlán agus a chinntiú nach ndéantar í a shrianadh nó a lagú. Má roghnaíonn aon cheann de na páirtithe an bealach dlíthiúil costasach agus tarraingthe amach, ní chun leasa aon duine é sin. Tá ceist an chúitimh maidir le díobhálacha pearsanta ag céim ríthábhachtach in Éirinn mar gheall ar éifeacht na gcostas ard árachais agus easpa infhaighteacht cumhdaigh, a ndéanann an dá cheann díobh dochar mór do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide, chomh maith le soláthraithe pobail, cúram leanaí agus fóillíochta.

Leanfaimid orainn ag insint d'éilitheoirí agus do na páirtithe go léir, an gá atá le seirbhís ísealchostas, tapa agus éifeachtúil PIAB a úsáid, agus impím ar gach duine tacú linn ina leith seo.

Tá dul chun cinn maith déanta i réimse an athchóirithe in 2020. Príomhfhorbairt i rith na bliana ab ea foilsiú Phlean Gníomhaíochta an Rialtais um Athchóiriú Árachais, trína fhoráilfear do roinnt príomhghníomhartha lena n-áirítear tiomantas PIAB a Fheabhsú agus a Athchóiriú. Tá sé seo an-suntasach don PIAB agus aithníonn sé cé go bhfuil dámhachtainí de luach os cionn €3.5 billiún tugtha ag PIAB i mbreis agus 150,000 cás agus go sábhálann sé na mílte milliún euro go bliantúil a d'íocfadh na páirtithe i gcostais murach sin, agus a d'íocfadh sealbhóirí polasaí sa deireadh, tá deiseanna ann dúinn i bhfad níos mó a dhéanamh.

Dheimhnigh Tuarascáil Árachais Mótair Bhanc Ceannais na hÉireann a foilsíodh in 2020 gan amhras na coigiltis mhóra i gcostais agus in am araon a bhaintear amach sa chóras PIAB. Is féidir tuilleadh coigiltis mhóra a bhaint amach trí úsáid níos mó a bhaint as ár seirbhís.

Príomhréimse athchóirithe eile a cuireadh chun cinn i rith na bliana ba ea tús na Comhairle Breithiúnaí lena gcuid oibre ar fhorbairt na dTreoirlínte Díobhálacha Pearsanta nua. Athrú ollmhór eile é seo i réimse na ndíobhálacha pearsanta a bhfuil an-acmhainn ann níos mó comhsheasmhachta, trédhearcachta agus cinnteachta a thabhairt do réimse na ndíobhálacha pearsanta agus tírdhreach na ndíobhálacha pearsanta a athrú go suntasach agus an méid dlíthíochta neamhriachtanach agus costasach a laghdú. Ba phríomh-mholadh é an t-athchóiriú tábhachtach seo ón gCoimisiún Díobhálacha Pearsanta, faoi chathaoirleacht an Bhreithimh Nicholas Kearns, agus is teist é ar obair an Choimisiúin.

> **'Tá gá anois, níos mó ná riamh, le cabhair gach duinn chun buntáistí ár seirbhíse a thabhairt chun cinn go hiomlán agus a chinntiú nach ndéantar í a shrianach nó a lagú'**

> **‘nach raibh tréimhse riamh ann inar theastaigh tairbhí agus coigilteas costais arna soláthar ag córas PIAB chomh mór is atá siad ag teastáil…’**

Ní mór leanúint ag díriú ar athchóiriú in 2021. Mar Chathaoirleach ar PIAB, táim ag tnúth go mór le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe chun cuid de na príomhathruithe seo a bhaint amach in 2021.

## Seachadadh Le linn 2020

Mar a léiríonn ár dTuarascáil Bhliantúil, cosúil le go leor eagraíochtaí, chuaigh an corraíl agus an éiginnteacht a tharla mar thoradh ar Covid-19 i bhfeidhm go mór ar oibríochtaí agus airgeadas PIAB.

In ainneoin na ndúshlán sin, agus mar gheall ar ghastacht agus sholúbthacht na heagraíochta agus a foirne, bhí PIAB in ann leibhéal ard seirbhíse a choinneáil le linn na bliana. Dhírigh PIAB ar a raibh tábhachtach dár gcustaiméirí. Rinneamar próisis a oiriúnú chun a chinntiú go bhféadfaimis leanúint d’éilimh a fháil agus a phróiseáil, d’oibríomar lenár bpainéal dochtúirí chun a chinntiú, nuair a chaithfí coinní a chur ar ceal chun sláinte an phobail a chosaint, gur bhogamar go tapa chun iad sin a athsceidealú, agus mhéadaíomar ár gcumas sa phainéal chun dul i ngleic le riaráistí.

Is é an toradh a bhí air seo ná gur phróiseálamar breis agus 26,000 éileamh agus gur bhain muid meán-am naoi mí amach chun éilimh a mheasúnaú ó thoiliú go dámhachtain, agus coinníodh ár gcostais phróiseála ísle, agus costais seachadta iomlána de 6.4% de chostas na ndámhachtainí.

## Inbhuanaitheacht Airgeadais a Chinntiú

I rith na bliana, dhírigh pléití an Bhoird ar leanúnachas gnó, seachadadh seirbhíse agus airgeadas na heagraíochta.

Cé gur leanamar orainn ag soláthar seirbhíse ardchaighdeáin do pháirtithe díobhálaithe agus dá n-ionadaithe, árachóirí, freagróirí agus gnóthais, tá ár staid airgeadais laghdaithe go mór. In ainneoin bearta comhbheartaithe agus rathúla chun costais a laghdú, chríochnaigh PIAB 2020 le heasnamh €1.5 milliún.

D’fhorbair PIAB, mar gheall ar bhainistíocht chúramach agus éifeachtúlachtaí, cúlchiste airgeadais agus bhí sé seo ríthábhachtach i rith 2020. Mar chomhlacht féin-mhaoinithe go hiomlán, áfach, beidh orainn oibriú in 2021 leis an rialtas agus le páirtithe leasmhara chun aghaidh a thabhairt ar ár staid airgeadais agus chun ár n-inbhuanaitheacht airgeadais sa todhchaí a chinntiú. Tá sé seo an-tábhachtach i gcomhthéacs an tiomantais PIAB a fheabhsú agus a athchóiriú.

Ba mhaith liom an deis a thapú chun buíochas a ghabháil leis an bhfoireann as a dtiomantas, a n-athléimneacht agus a ngairmiúlacht leanúnach i mbliain an-dúshlánach. I rith na bliana, chomhlíon PIAB a fhreagracht as éilimh a mheasúnú ar bhealach cóir, costéifeachtúil agus éifeachtach. Ní fhéadfaí é seo a dhéanamh gan ceannaireacht ár bPríomhfheidhmeannaigh nua Rosalind Carroll a chuaigh i mbun a post i Márta 2020, agus tiomantas agus obair chrua na foirne.

Gabhaimid buíochas freisin as a dtacaíocht leanúnach don Tánaiste agus don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta - Leo Varadkar, TD; iar-Aire Gnó - Heather Humphreys, TD; agus don Aire Stáit - Robert Troy, TD, a d’oibrigh go dlúth le PIAB ar thionscnaimh athchóirithe ríthábhachtacha. Táimid buíoch de na hoifigigh sa Roinn as a leibhéal ard tacaíochta agus comhoibrithe i rith na bliana.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le baill uile Bhord PIAB i rith na bliana, as a gcuid oibre leanúnaí. Ba mhaith liom go háirithe mo bhuíochas a chur in iúl do Breda Power, a d’éirigh as an mBord agus a chuaigh ar scor ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i rith na bliana. Bhí Breda rannpháirteach ó bunaíodh PIAB agus bhí ról lárnach aici ina fhorbairt. Bhí sí freagrach as an gcaidreamh an-dearfach agus cuiditheach atá ann idir PIAB agus an Roinn. Aireoimid uainn a cuid eolais agus treorach.

**Dermot Divilly**
*Cathaoirleach*
An 7 Aibreán 2021

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



**Bliain an-dúshlánach ab ea 2020 do dhaoine agus d'eagraíochtaí ar fud na hÉireann, mar gheall ar thionchair eacnamaíocha agus pearsanta na paindéime ar dhaoine.**

Cé gur chruthaigh an phaindéim dúshláin, bhí rudaí dearfacha le braith freisin áfach - laghdú ar thrácht, agus tá níos lú timpistí agus níos lú éileamh mar thoradh ar an aistriú chuig cianobair. Taispeánadh dúinn freisin cé chomh tapa agus is féidir le hathrú tarlú, cé chomh gasta agus solúbtha is féidir linn a bheith i seachadadh seirbhísí agus an tábhacht a bhaineann le cur chuige daoine seachas an phróisis i leith seirbhísí a sholáthar.

Tá áthas orm a rá, a bhuíochas don tsolúbthacht, dúthracht agus gastacht a léirigh daoine, gur dhéileáil muid le níos mó ná 26,000 iarratas éilimh nua, agus bhronnamar cúiteamh os cionn €206 milliún san iomlán ar íospartaigh timpistí, agus seirbhís á seachadadh againn a bhí cóir do chách, neamh-sharaíoch agus bhaineamar costais neamhriachtanacha agus moilleanna ama ón gcóras díobhálacha pearsanta.

## Tháinig laghdú ar éilimh i rith na bliana

Thit líon iomlán na n-iarratas ar éilimh a fuair PIAB in 2020 16% go 26,009, ó 31,072 an bhliain roimhe sin. Tharla an laghdú sin go príomha mar thoradh ar thionchair Covid-19. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird, áfach, go dtógann éileamh idir 11-12 mhí ó dháta na timpiste go dtí go dtéann sé chomh fada le PIAB. Ciallaíonn sé seo nach bhfeicfear go hiomlán tionchar iomlán an laghdaithe ar dhaoine ag tiomáint, ag freastal ar ionaid oibre agus ag bualadh le chéile i bhfáilteachas, cúram leanaí, fóillíocht agus timpeallachtaí eile dá samhail, go dtí 2021 agus leanfaidh sé de thionchar a imirt go dtí 2022. Is forbairt dhearfach í seo agus tá sí mar thoradh ar laghdú 7% ar éilimh in 2019, rud a chiallaíonn le dhá bhliain anuas gur tháinig laghdú 23% ar éilimh. Is táscaire maith é seo go bhfuil éilimh ag laghdú ar fud na hearnála agus ba cheart go mbeadh coigilteas i gcoitinne mar thoradh air. Laghdaigh luach iomlán na ndámhachtainí a rinneadh in PIAB in 2020 díreach faoi bhun €70 milliún ó €275 milliún go €206 milliún mar thoradh ar an laghdú ar éilimh.

## Seachadadh le linn na Dianghlasála

Bhogamar ó nialas go beagnach 100% ag obair go cianda laistigh de chúpla seachtain ón gcéad dianghlasáil. Leanadh ar aghaidh ag freagairt glaonna agus leanadh ag eisiúint dámhachtainí in éilimh trínár seirbhís thapa agus chostaséifeachtach. Chuir PIAB a phróisis agus a bhealaí oibre in oiriúint go tapa.

Forbairt dhearfach ab ea an t-aistriú leanúnach chuig modhanna leictreonacha chun éilimh a fháil agus dul i ngleic leo. Mhéadaigh cion na n-éileamh a próiseáladh ag baint úsáide as ár Tairseach Aturnaetha agus ár gcóras iarratais ar líne go dtí an líon is airde riamh

faoi dheireadh na bliana, agus tháinig 70% de na héilimh go léir trí na bealaí sin. Chuaigh an phaindéim i bhfeidhm ar chuid dár n-oibríochtaí, go háirithe na scrúduithe leighis neamhspleácha, nár mhór a chur ar fionraí ar feadh tréimhsí i rith na bliana mar gheall ar shrianta agus an gá a bhí ann an córas sláinte a chosaint. Chuireamar acmhainní leighis breise i bhfeidhm i rith na bliana áfach lena chinntiú go leanfaimis ag réiteach éileamh go gasta. Mar thoradh ar na gníomhartha sin go léir ba é an meán-amlíne a bhí againn chun éileamh a mheasúnú ná naoi mí, gan ach méadú beag ón mbliain roimhe sin.

## Coigilteas arna Seachadadh ag PIAB

Sábhálann PIAB na mílte milliún euro gach bliain a d'íocfadh costais bhreise éilitheoirí, daoine nó eagraíochtaí a ndéanfaí éileamh ina gcoinne de ghnáth agus, sa deireadh, ag sealbhóirí polasaithe. Déanann sé é seo trí éilimh a réiteach ar chostas íseal próiseála - sin 6.4% de chostas na ndámhachtainí in 2020. Tá costas próiseála íseal PIAB i gcodarsnacht le costais socraíochta / dlíthíochta a bhaineann le go leor iolraí den fhigiúr sin i gcásanna ina ndéileáiltear le cásanna lasmuigh dár gcóras. Foilsithe ag deireadh 2020, leag dara tuarascáil Bhunachar Sonraí Náisiúnta um Fhaisnéis ar Éilimh an Bhainc Ceannais ar éilimh mhótair béim ar ról luachmhar PIAB.

> ‘Cé go raibh dúshláin i gceist leis an **bpaindéim** – tháinig laghdú ar thrácht, agus ciallaíonn an t-aistriú go cianobair go bhfuil **níos lú timpistí agus níos lú éileamh’**

Fuair an tuarascáil amach cé go raibh meánleibhéil dámhachtana an-chosúil idir PIAB (€22,200) agus iar-PIAB trí dhlíthíocht €23,800, go raibh na costais dlí agus an t-am a glacadh chun éilimh a réiteach i bhfad níos mó trí dhlíthíocht. B’ionann meánchostas foriomlán éilimh trí dhlíthíocht agus go díreach faoi bhun €40,000. Cuirtear é seo i gcomparáid le costais dlí faoi PIAB níos lú ná 4% den mhéid cúitimh, rud a fhágann go bhfuil an meánchostas iomlán níos lú ná €23,000. Ba ionann an t-am a glacadh chun éilimh a réiteach trí dhlíthíocht agus 4.7 bliain ar an meán, i gcomparáid le 2.9 bliain ó dháta na timpiste go dámhachtain faoi PIAB.

Tá na sonraí seo chomh tábhachtach; roimh 2019 ní raibh ach fianaise starógach againn ar a raibh ag tarlú sna bealaí socraíochtaí éagsúla. Is féidir leis an tuarascáil, a léiríónn freisin nach socraítear ach 2% de na cásanna sa chúirt, éilitheoirí, freagróirí agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas tacú leo agus iad ag déanamh cinntí. Tá sé de dhualgas freisin ar PIAB níos mó a dhéanamh agus feasacht an phobail ar ár seirbhísí agus na buntáistí a bhaineann leis a mhéadú. Sheol PIAB feachtas feasachta náisiúnta agus réigiúnach in 2020 agus leanfaidh sé seo de bheith mar phríomhfhócas dúinn in 2021.

## Níos Mó a Dhéanamh

Le linn 2020, d’fháiltigh PIAB roimh fhorbairtí tábhachtacha in athchóiriú árachais, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta an Rialtais um Athchóiriú Árachais agus bunú Foghrúpa Comh-Aireachta ar Athchóiriú Árachais, chun cur chuige uile-rialtais a sholáthar d’fhonn dul i ngleic leis na fadhbanna suntasacha a bhíonn mar thoradh ar an gcostas ard a bhaineann le clúdach árachais agus na deacrachtaí maidir le rochtain a fháil air. Ceann de na príomhghealltanais sa Phlean Gníomhaíochta is ea PIAB a fheabhsú agus a athchóiriú. Níl aon amhras ach go bhfuil deis ollmhór ann do PIAB níos mó a dhéanamh agus léiríonn na sonraí a tháirgeann an Banc Ceannais an luach a d’fhéadfadh a bheith leis seo. Ba í an uaillmhian bhunaidh do PIAB nuair a bunaíodh é 17 mbliana ó shin, go mbainfí níos mó cásanna ó dhlíthíocht chun leasa éilitheoirí, freagróirí, ach freisin na gnóthais agus na daoine a íocann árachas.

Cé gur éirigh go maith le PIAB dámhachtainí cothroma neamhchlaonta a sholáthar i dtimpeallacht íseal-chostais neamh-sháraíochta, leis na huirlisí cearta is féidir linn an uaillmhian bhunaidh sin a chomhlíonadh agus táimid ag tnúth le bheith ag obair leis an Rialtas air seo in 2021.

Athrú an-suntasach eile is ea teacht na dTreoirlínte Díobhálacha Pearsanta a rachaidh i bhfeidhm ar an réimse seo agus ba cheart go gcuirfeadh sé rátaí glactha le haghaidh dámhachtainí PIAB chun cinn. Ag croílár thabhairt isteach na dTreoirlínte tá an cuspóir comhsheasmhacht, trédhearcacht agus cinnteacht a bhaint amach i ndámhachtainí díobhála pearsanta ar fud na hÉireann. Ba cheart go gcuirfeadh sé seo muinín i gcóras PIAB.

## Féachaint Chun Cinn

Ní raibh na buntáistí a bhaineann le seirbhís PIAB riamh níos riachtanaí ná le linn an téarnaimh eacnamaíoch ón bpaindéim atá le teacht. Ag amharc ar an am atá le teacht, áireofar ar phríomhréimsí oibre cur i bhfeidhm rathúil na dTreoirlínte Díobhálacha Pearsanta nua i 2021; ról PIAB a fheabhsú agus a leathnú; a chinntiú go bhfuil ár múnla airgeadais oiriúnach dár n-inbhuanaitheacht sa todhchaí; agus bealaí a aimsiú chun tacú lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear custaiméirí, árachóirí agus aturnaetha, bogadh chuig téarnamh gnó iar-phaindéime.

Ceann d’iarmhairtí na paindéime ná an tionchar suntasach ar ár n-airgeadas a leanfaidh ar aghaidh sna blianta amach romhainn. Tá coigilteas suntasach caiteachais déanta againn, ach beidh orainn oibriú leis an Roinn lena chinntiú go mbeidh samhail airgeadais againn a bheidh mar bhonn agus taca lenár gcuid oibre tábhachtach sa todhchaí, agus beidh sé seo ina phríomhfhócas eile dúinn in 2021.

Leanfaidh an phaindéim ag cur isteach ar 2021. Ba cheart go laghdófaí an suaitheadh sin, áfach, agus leanfaimid orainn ag díriú ar ár gcustaiméirí. Beidh infheistíocht sa teicneolaíocht mar thosaíocht freisin chun ár seirbhísí a dhigitiú tuilleadh agus chun go mbeidh muid ullamh don todhchaí.

> ‘Athrú an-suntasach eile is ea teacht na **dTreoirlínte Díobhálacha Pearsanta** a rachaidh i bhfeidhm ar an réimse seo agus ba cheart go **gcuirfeadh sé rátaí glactha dámhachtainí PIAB chun cinn freisin’**

## Ar Deireadh

I réimse na ndíobhálacha pearsanta tá an oiread sin fócas ar thionchar na ndámhachtainí ar chostais árachais agus ar ghnó, gur féidir dearmad a dhéanamh uaireanta ar íospartaigh timpiste. I réimse na sábháilteachta, in ainneoin leibhéil i bhfad níos ísle feithiclí ar an mbóthar, mhéadaigh líon na mbásanna a thuairiscigh an Garda Síochána le linn 2020, agus lean timpistí ag an obair.

Tá sé tábhachtach mar sin aitheantas a thabhairt don tionchar suntasach a bhíonn ag timpiste ar dhaoine. Is é ár gcuid oibre i PIAB damáistí a dhámhachtain a chabhróidh, b’fhéidir, le daoine bogadh ar aghaidh agus téarnamh, agus caithfear fócas méadaitheach ár gcuid oibre amach anseo díriú ar a bheith ag obair lenár bpáirtithe leasmhara chun timpistí a chosc freisin.

Gabhaim buíochas leis na hAirí agus na hoifigigh sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as a dtacaíocht agus a rannpháirtíocht leanúnach le linn 2020, lena n-áirítear, go háirithe, Robert Troy TD, an tAire Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Táim an-bhuíoch as tacaíocht agus comhairle ár gCathaoirleach, Dermot Divilly agus do Bhord PIAB as a dtacaíocht láidir le linn bliana dúshlánaí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a thabhairt d’fhostaithe go léir PIAB agus na n-ionad seirbhíse as a dtiomantas leanúnach chun ár misean a chomhlíonadh, agus as a n-athléimneacht agus a n-inoiriúnaitheacht le linn an ama dheacair seo. Táim an-bhródúil as a bheith i gceannas ar an eagraíocht tríd an tréimhse seo, agus ar an mbealach a ndeachaidh PIAB i ngleic go dearfach ar na dúshláin a bhain léi.

Tá buíochas ar leith ag dul chuig ár gcomhghleacaithe san oifig as a gcuid oibre i mbun tascanna riachtanacha ar ardchaighdeán go seasta agus i gcomhréir leis an treoir agus na rialacháin sábháilteachta go léir. Creidim go bhfeabhsóidh cúrsaí don eagraíocht, de réir mar a leanann sí ag soláthar luach do shaoránaigh na hÉireann.

**Rosalind Carroll**
*Príomhfheidhmeannach*
An 7 Aibreán 2021

# PIAB de réir uimhreacha – 2020

Líon iomlán na n-iarratas ar éileamh in 2020

**26,009**

(**31,072** in 2019)

**-16%**

**% laghdú ar líon na n-iarratas i gcomparáid le 2019**




Líon iomlán na ndámhachtainí in 2020

**8,587** **(11,527 in 2019)**

Luach na nDámhachtainí i rith 2020

**€206.31m** **(€275.04m in 2019)**

## Dámhachtainí de réir Catagóire




## Luach na Meán-Dámhachtainí de réir Catagóire (2020)

| | |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €22,357 |
| Dliteanas Fostóirí | €30,558 |
| Dliteanas Poiblí | €26,065 |
| Meán foriomlán | €24,026 |

**€24,026**
Meán-dámhachtain in 2020

**56%**
de dhámhachtainí €20,000 in luach in 2020

**9 mí**
Meán-am próiseála in 2020

**6.4%**
Costais Seachadta (mar % de dhámhachtainí)

## Toiliú le Ráta Measúnaithe:

(Céatadán na n-éileamh nuair a thoiligh an freagróir le measúnú PIAB)

**55%**

## Ráta Glactha le Dámhachtainí:

(Céatadán na ndámhachtainí PIAB a nglacann an dá pháirtí leo)

**51%**



# 1 Éilimh agus Dámhachtainí

## Forbhreathnú

**Lean PIAB ag soláthar seirbhíse neamhspleách, cothrom, neamh-sháraíochta chun éilimh a mheasúnú le linn 2020. In ainneoin na ndúshlán a d'eascair as an bpaindéim, bronnadh níos mó ná 8,500 dámhachtain i rith na bliana agus rinneadh 26,009 iarratas a phróiseáil agus a chur ar aghaidh chuig céimeanna éagsúla sa chóras.**

Toisc go n-éilíonn tromlach ár ndámhachtainí cúitimh measúnú neamhspleách ar dhíobhálacha ag ball dár bpainéal leighis, bhí cur isteach agus moilleanna sa réimse sin mar gheall ar an bpaindéim. Mar thoradh ar na bearta sláinte poiblí agus an tionchar sonrach ar sheirbhísí leighis cuireadh ar ceal breis agus 6,000 scrúdú leighis i rith na bliana, agus mar thoradh air sin bhí roinnt moilleanna ar mheasúnú éileamh. Rinne ár bhfoirne agus ár ndochtúirí ar an bpainéal leighis iarracht shuntasach oibriú chun cásanna a athsceidealú agus oibriú trí riaráistí, agus is é an toradh a bhí air sin ná nár leathnaigh an meán-am chun éileamh a mheasúnú ón bpointe toilithe go dtí dámhachtain ach beagán ó 7.8 mí in 2019 go naoi mí in 2020.


Mar a tharla i mblianta roimhe seo, lean tromlach mór na n-éileamh in 2020 (70%) de bheith bainteach leis an gcatagóir éileamh dliteanais mótair agus laistigh de sin lean an cion is mó díobhálacha de bheith bainteach le fíochán bog, mar a léirítear inár miondealú "Súil Níos Géire" sa tuarascáil seo.

Le dhá bhliain anuas, tá laghdú 22% tagtha ar iarratais ar éilimh chuig PIAB. Thabharfadh sé seo le tuiscint go bhfuil níos lú éileamh á ndéanamh ar fud na gcainéal éileamh éagsúil, agus d'fhéadfadh go léireodh sé freisin socraíochtaí níos luaithe agus níos dírí idir árachóirí agus éilitheoirí. Tá gnéithe dearfacha suntasacha leis seo i dtéarmaí costas díobhálacha pearsanta.

In 2020, rinneadh 26,009 iarratas ar éileamh díobhála pearsanta chuig PIAB, laghdú 16.3% ar na 31,072 éileamh a rinneadh chuig PIAB in 2019. Tá an laghdú an-suntasach ar éilimh le linn 2020 mar thoradh ar thionchar Covid.

Bhí níos lú timpistí ann mar bhí níos lú tiománaithe ar an mbóthar mar gheall ar shrianta, níos lú fostaithe ag obair in áitribh agus go leor spásanna poiblí ag feidhmiú ag leibhéil cumais laghdaithe. Ina theannta sin, bhí moill ar iarratais a dhéanamh chugainn mar thoradh ar thionchair ar na hearnálacha dlí, árachais agus leighis.

**Tábla 1.1** Iarratais ar éilimh



> ‘In ainneoin na ndúshlán a d’eascair as an bpaindéim, rinneadh **os cionn 8,500 dámhachtain** le linn na bliana agus **próiseáladh agus rinneadh dul chun cinn ar 26,009 iarratas** chuig céimeanna éagsúla sa chóras’

Ar an meán is féidir le héileamh idir 10-12 mhí a thógáil ó dháta na timpiste go dtí go ndéantar an t-iarratas chuig PIAB. Tá suas le dhá bhliain ag éilitheoir chun éileamh a dhéanamh tar éis timpiste. Dá bhrí sin, is dóichí nach mbeidh tionchar iomlán na laghduithe ar thimpistí le feiceáil go dtí deireadh 2021 agus b’fhéidir nach bhfeicfear tionchair ó 2021 go dtí 2022.

Táimid ag súil, áfach, go bhfeicfear laghdú leanúnach ar éilimh i 2021, agus d’fhéadfadh go mbeadh níos lú carranna ar an mbóthar mar thoradh ar athruithe ar an gcaoi a n-oibrímid agus a mairimid, agus níos lú daoine ag obair in áitribh láraithe; tá súil againn go bhféadfadh níos lú timpistí a bheith mar thoradh air seo agus dá bhrí sin níos lú éileamh sa todhchaí.

**Tábla 1.2**

**Cineálacha Dámhachtainí**

| Catagóir | % | Líon Dámhachtainí | |
|---|---|---|---|
| | | 2020 | 2019 |
| **Dliteanas Mótair** | 70%* | 6,058 | 8,050 |
| **Dliteanas Fostóirí** | 13%* | 1,103 | 1,468 |
| **Dliteanas Poiblí** | 17%* | 1,426 | 2,009 |
| **Iomlán** | | **8,587** | **11,527** |

** D’fhan céatadán na n-éileamh do gach catagóir an-chobhsaí ó bhliain go bliain agus bhí sé mar an gcéanna in 2020 agus 2019.*

## Toiliú le Measúnú

Tá buntáistí na n-éileamh atá á measúnú ag PIAB an-suntasach don dá pháirtí. I gcás an éilitheora, cuirimid córas iarratais soiléir agus simplí ar fáil le táillí ísle agus gan aon riachtanas ionadaíocht dlí a úsáid. Déanann an tseirbhís PIAB, mar sheirbhís neamh-sháraíochta agus riaracháin, páirtithe a shábháil ó phróiseas sáraíochta nó an strus a bhaineann le fianaise a thabhairt i gcás cúirte, agus cinntíonn sí go ndéantar cúiteamh cóir a sheachadadh níos luaithe, ag cabhrú leis an éilitheoir bogadh ar aghaidh ón ndíobháil agus téarnamh.

Maidir le freagróir (an duine nó an comhlacht a ndéantar an t-éileamh ina choinne) tá sé de bhuntáiste ag an tseirbhís PIAB go ndéantar éileamh a réiteach go tapa agus go cothrom ar chostas íseal.

Bíonn na costais atá i gceist an-bheag i gcomparáid leis na costais do chás a théann chun dlí, agus bíonn an t-am a thógtar chun an t-éileamh a réiteach blianta níos gasta.

Is iad seo a leanas na príomhchinntí i gcás gach ceann de na páirtithe a bhfuil baint acu le héileamh ar chúiteamh:

- Féadfaidh an duine nó an eagraíocht a ndéantar éileamh ina choinne cinneadh a dhéanamh toiliú a thabhairt nó gan toiliú a thabhairt do PIAB an díobháil phearsanta a mheasúnú. Is iad na cúinsí nach bhféadfadh freagróir toiliú le measúnú má tá siad ag díospóid faoi dhliteanas.
- Sa chás go dtoilítear le measúnú, ag deireadh an mheasúnaithe PIAB beidh sé de cheart ag an dá pháirtí ansin an measúnú/dámhachtain PIAB a ghlacadh nó a dhiúltú.

Mura dtoilítear leis an bpróiseas nó mura nglactar leis an dámhachtain, caithfear an t-éileamh a réiteach trí dhlíthíocht a d’fhéadfadh a bheith an-chostasach agus fadálach agus a d’fhéadfadh cur go mór le costais fhoriomlána éileamh chun aimhleasa na sealbhóirí polasaí. Sa chás go nglacann an dá pháirtí leis an measúnú, réitítear an t-ábhar gan leas a bhaint as dlíthíocht, agus dámhachtainí atá infheidhmithe go dlíthiúil ar aon dul leis na cúirteanna mar thoradh ar sin.

In 2020, ba ionann céatadán na n-éileamh inar thoiligh an freagróir go ndéanfadh PIAB an t-éileamh a mheasúnú agus 55%. D’fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an neamhchinnteacht shuntasach de bharr Covid, agus an timpeallacht eacnamaíoch agus na Treoirlínte um Díobhálacha Pearsanta atá le teacht ar fhigiúirí do 2020, agus socraíochtaí ag tarlú lasmuigh den chóras tar éis iarratais a dhéanamh.

Tugann an tábla thíos miondealú ar rátaí toilithe de réir catagóire le cúig bliana anuas. Is fiú a thabhairt ar aird, cé nach dtoilítear le cásanna áirithe, tá a fhios againn anois trí thuarascáil Faisnéise Náisiúnta um Éilimh an Bhainc Ceannais maidir le hárachas mótair, in ainneoin sin nach ndéantar ach 2% nó níos lú d’éilimh a shocrú sa chúirt.

> ‘Tá a fhios againn anois trí thuarascáil Faisnéise Náisiúnta um Éilimh an Bhainc Ceannais ar árachas mótair, nach socraítear ach… **2% nó níos lú d’éilimh sa chúirt’**

Tá a fhios againn freisin, i gcás ina socraítear éilimh tar éis PIAB agus roimh an chúirt, nach raibh luach na socraíochta ach beagán níos mó, ach go raibh na costais dlí os cionn 60% den éileamh i gcomparáid le 4% le PIAB.

Tá an Plean Gníomhaíochta um Athchóiriú Árachais (dá dtagraítear níos déanaí) tiomanta do PIAB a Fheabhsú agus a Athchóiriú, agus go háirithe féachfaidh sé le cumhacht agus tacaíocht a thabhairt do PIAB chun níos mó cásanna a choinneáil faoina shainchúram agus chun ár n-uaillmhian tacú leis an dá pháirtí díospóidí díobhálacha pearsanta a réiteach gan gá le dlíthíocht.

Is fiú a mheabhrú, taobh thiar de gach éileamh a chuirtear faoi bhráid PIAB, go bhfuil daoine a d’fhulaing díobhálacha, agus teastaíonn próisis uainn a chuidíonn le gach duine a fhulaingíonn díobhálacha téarnamh iomlán a dhéanamh.

## Líon na nDámhachtainí, Luachanna agus Rátaí Glactha

Cuimsíonn an cúiteamh airgeadais a mheastar a bheith iníoctha le duine a fhulaingíonn díobháil phearsanta, dhá chineál damáiste. Is damáistí ginearálta iad sin as an bpian agus as an bhfulaingt a chruthaigh an díobháil, agus damáistí speisialta as caillteanas airgeadais – go dtí seo agus sa todhchaí araon m.sh. caillteanas pá, costas cúram leighis srl. Déantar measúnú ar chúiteamh bunaithe ar fhianaise leighis agus ar fhianaise ar aon chostas a thabhaigh/a thabhóidh éilitheoir mar gheall ar an timpiste. Is faoi na páirtithe lena mbaineann cibé acu an mian leo glacadh leis seo nó nach nach mian. I gcás go ndiúltaíonn ceachtar páirtí an dámhachtain a rinne PIAB, eiseoidh PIAB údarú don éilitheoir ionas go bhféadfaidh sé nó sí imeachtaí dlí a thionscnamh trí na cúirteanna. Ó bunaíodh é, tá 152,284 dámhachtain déanta ag an mBord, le luach iomlán €3,531.31 milliún.

Rinneadh damáistí ginearálta a mheasúnú le linn 2020 ag féachaint don Leabhar Candaim, treoir maidir le leibhéil chúitimh in Éirinn. Tá Comhairle na mBreithiúna tar éis Treoirlínte Díobhálacha Pearsanta nua a ghlacadh a tháinig i bhfeidhm in Aibreán 2021, agus a leanfaidh PIAB agus na Cúirteanna araon. Inár dTuarascáil Bhliantúil 2021, beidh PIAB in ann tuairisc a thabhairt ar thionchar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte nua.

Le linn 2020, d’eisigh PIAB 8,587 dámhachtain tar éis measúnuithe, ar luach €206.33 milliún san iomlán. Ba laghdú é seo ar na 11,527 dámhachtain a rinneadh in 2019 (ba ionann an luach iomlán agus €275.04 milliún an bhliain sin). Tá an laghdú ar líon na ndámhachtainí níos airde ná an laghdú ar líon na n-iarratas ar éilimh agus léiríonn sé sin an drochthionchar a bhí ag an bpaindéim i rith na bliana, go háirithe nach bhféadfadh scrúduithe leighis a dhéanamh ar feadh tréimhsí le linn srianta sláinte poiblí.

**Tábla 1.3**

**Rátaí toilithe**

| Bliain | Ráta Toilithe Iomlán | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóirí | Dliteanas Poiblí |
|---|---|---|---|---|
| **2015** | 58% | 66% | 44% | 48% |
| **2016** | 58% | 66% | 45% | 49% |
| **2017** | 57% | 65% | 43% | 49% |
| **2018** | 57% | 65% | 44% | 50% |
| **2019** | 55% | 64% | 42% | 48% |
| **2020** | 55% | 62% | 43% | 49% |

**Tábla 1.4**

**Rátaí Glactha Dámhachtana**
(éilitheoir agus freagróir le chéile)

| Year | Iomlán Glactha Iomlán | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóirí | Dliteanas Poiblí |
|---|---|---|---|---|
| **2015** | 58% | 57% | 60% | 59% |
| **2016** | 55% | 54% | 59% | 56% |
| **2017** | 53% | 52% | 56% | 56% |
| **2018** | 52% | 51% | 54% | 54% |
| **2019** | 52% | 51% | 56% | 58% |
| **2020** | 51% | 49% | 53% | 57% |

Mar a léirítear i dTábla 1.6 níl aon athrú suntasach tagtha ar mheánluach na ndámhachtaní in aon chatagóir in 2020, i.e., Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóirí agus Dliteanas Poiblí, ó fhigiúr inchomparáide 2019.

D'fhéadfadh go mbeadh athruithe ar líon na n-éileamh, catagóir agus déine gach bliain mar bhonn le héagsúlacht sa mheánfigiúr dámhachtana.

Ar aon dul leis na blianta roimhe seo, bhí na meándámhachtainí sa chatagóir dar teideal Dliteanas Fostóirí níos airde ná na catagóirí eile, fianaise ar nádúr níos tromchúisí agus níos casta na ndíobhálacha atá faighte ag daoine i dtionóiscí in ionaid oibre.

## Rátaí Glactha Dámhachtana


Is féidir le héilitheoirí agus le freagróirí glacadh le nó diúltú do dhámhachtainí. Bhí an céatadán dámhachtainí ar glacadh leo in 2020 cothrom le 51%. 52% a bhí i gceist in 2019. Go ginearálta, tá an leibhéal glactha i bhfad níos airde i measc freagróirí. Is iad éilitheoirí a dhiúltaíonn d'fhormhór na n-éileamh a dhéantar. Mar a léirítear sa tábla thíos, tá an céatadán éileamh a bhfuiltear ag glacadh leo laghdaithe go suntasach in imeacht na mblianta i gcomparáid le 2014-2015. Ba cheart go mbeadh leibhéil ghlactha i bhfad níos airde ná seo, má tá na meándámhachtainí trí dhlíthíocht agus PIAB an-chosúil, pointe a bhfuil fianaise le fáil air i dtuarascáil an Bhainc Ceannais le dhá bhliain anuas.

Táthar ag súil, áfach, i ndiaidh bhunú Treoirlínte nua maidir le Díobhálacha Pearsanta, go bhfeabhsóidh na rátaí seo de bhrí go mbeidh breis comhsheasmhachta agus intuarthachta i ndáil le dámhachtainí sna Cúirteanna agus in PIAB.


**Tábla 1.5**

**Líon agus Luachanna Dámhachtainí de ré**

**Líon Dámhachtainí**




**Luach na nDámhachtainí** (€ milliún)




**Tábla 1.6**


**Luach na Meándámhachtainí de réir na Catagóire**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | €22,357 | €22,186 |
| Dliteanas Fostóra | €30,558 | €29,859 |
| Dliteanas Poiblí | €26,065 | €26,189 |
| **Meán foriomlán** | €24,026 | €23,861 |

**Tábla 1.7**

**Miondealú den Líon Iomlán Dámhachtainí in 2020** (de réir an Luacha agus na Catagóire Éilimh)

| Catagóir Meánluacha (€) | % de na dámhachtainí iomlána i ngach catagóir luacha | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóra | Dliteanas Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| <20k | 55.6% | 3,675 | 438 | 664 | **4,777** |
| 20-38k | 31.7% | 1,849 | 396 | 480 | **2,725** |
| 38-100k | 11.8% | 485 | 253 | 274 | **1,012** |
| >100k | 0.85% | 49 | 16 | 8 | **73** |
| **Gach catagóir** | | **6,058** | **1,103** | **1,426** | **8,587** |



# Raon Dámhachtainí

In 2020 bhí luach na dámhachtana is airde ar glacadh léi cothrom le

**€546,525**

agus bhí luach na dámhachtana is ísle ar glacadh léi cothrom le **€100.**

Rinne PIAB **8,587** dámhachtain in 2020

Bhí **56%** de na dámhachtainí a rinneadh in 2020 faoi

**€20,000**

**(4,777 cás).**

Dámhadh dámhachtainí luach **€38,000** nó níos lú in **87%** de na cásanna in 2020 (7,502 cás)

Bhí luach breis is **€100,000** luaite le **73 éileamh** a rinneadh in 2020.

Tugtar léargas i dTábla 1.7 ar laghdú i gcomparáid leis an 93 dámhachtain a rinneadh i rith na bliana roimhe seo.

## Tionóiscí Marfacha

Déileálann PIAB, mar chuid dá chuid oibre, le hiarmhairtí tionóiscí a bhfuil cuid acu an-tromchúiseach agus a mbíonn díobhálacha athraithe saoil mar thoradh leo, agus i gcásanna áirithe bíonn díobhálacha marfacha i gceist freisin. Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara sa líon tionóiscí marfacha atá tarlaithe le blianta beaga anuas mar a léirítear sa tábla thíos. Tuigeann PIAB gur tragóid don teaghlach i gceist é gach ceann de na tionóiscí seo agus cuireann sé a chomhbhrón in iúl do gach duine lena mbaineann.

**Tábla 1.8**

**Éilimh a bhaineann le tionóiscí marfacha**

| Bliain | Líon na n-éileamh a bhaineann le tionóiscí marfacha |
|---|---|
| 2015 | **134** |
| 2016 | **121** |
| 2017 | **151** |
| 2018 | **84** |
| 2019 | **61** |
| 2020 | **121** |

## Amlíne

Tá dualgas ar PIAB, faoin reachtaíocht measúnú a dhéanamh ar éilimh laistigh de naoi mhí ó dheimhniú a fháil maidir le toiliú an fhreagróra don phróiseas measúnaithe. Tá roinnt imthosca eisceachtúla ann inar féidir síneadh a chur leis an teorainn ama naoi mí.

Is fianaise iad torthaí 2020 PIAB go raibh an mheántréimhse ama, idir an Dáta Toilithe agus an Dáta Dámhachtana, cothrom le naoi mí i gcomparáid le 7.8 mí in 2019.

Cé gur mhéadaigh an figiúr seo anuraidh, íoslaghdaíodh na tionchair ar na tréimhsí ama foriomlána. Tá an figiúr le haghaidh 2020 i bhfad níos éifeachtúla agus níos tapúla ná cainéil eile lasmuigh de shamhail PIAB, a d'fhéadfadh i bhfad níos mó ama a bheith i gceist lena réiteach, mar aon le costais phróiseála i bhfad níos airde ná na costais atá sonraithe ag PIAB.

Bhí sé riachtanach cásanna áirithe a chuir siar in 2020 mar gheall ar thionchar na paindéime, ach bhí sé seo teoranta a mhéid ab fhéidir.

> **'Is fianaise iad torthaí 2020** PIAB go raibh an mheántréimhse ama, idir an Dáta Toilithe agus an Dáta Dámhachtana, **cothrom le naoi mí i gcomparáid le 7.8 mí in 2019'**

# Léarscáil ina léirítear dáileadh réigiúnach na ndámhachtainí

**Líon na nDámhachtainí de réir an Chontae**





# Súil Níos Grinne

## Dliteanas Mótair



### Is iad éilimh dliteanais mótair an chatagóir is mó éileamh in Éirinn.

Fuair PIAB **14,137 iarratas éilimh mótair** in 2020 agus d'eisigh sé **6,058 dámhachtain** a bhain leis na héilimh sin. Bhí an mheándámhachtain sa chatagóir seo cothrom le **€22,357.**

Cé go bhféadfadh éilimh mhótair a bheith mar bhonn le díobháil thromchúiseach agus bás, baineann formhór na ndíobhálacha sa chatagóir seo le díobhálacha fíochán bog, an muinéal agus an droim go príomha, díobhálacha a dtagann formhór na n-éilitheoirí slán ina ndiaidh.

Anseo thíos gheobhaidh tú tuilleadh mionsonraí maidir le héilimh Dliteanais Mótair bunaithe ar líon na n-éileamh a fuarthas in 2020. Bhain 57% de na tionóiscí dliteanais mótair le tiománaí feithicle, bhain 31.5% le paisinéirí i bhfeithicil, bhain 5% le coisithe agus bhain 4.5% le rothaithe.

### Na Díobhálacha is Coitianta

Nuair a chaithimid súil ar na díobhálacha is coitianta a tharla do dhaoine a bhí páirteach i dtionóiscí dliteanais mótair, is léir dúinn gur díobhálacha fíochán bog atá i gceist sna príomhdhíobhálacha. Sna staitisticí thíos, is léir gur díobhálacha fíochán bog atá i gceist le 85% de na díobhálacha a bhaineann le héilimh mhótair.

Chun críche rangú staitistiúil a dhéanamh, códaíonn agus catagóiríonn PIAB díobhálacha de réir chóras measúil na hEagraíochta Domhanda Sláinte (ar a dtugtar ICD-10). Chun críche na hanailíse, is éard atá i gceist le cásanna inarb é an díobháil phríomha díobháil fíochán bog a bhaineann leis an muineál nó le huachtar an droma atá á rangú mar dhíobháil a bhaineann le fuiplasc. Cuimsítear anseo cásanna inarb é an príomhchód ICD-10 stangadh/ leonadh dhromlach an mhuiníl nó an dromlaigh thóracsaigh. Cuimsítear anseo freisin cásanna ina bhfuil meascán de dhíobhálacha fíochán bog déanta don mhuineál, don ghualainn agus don droim.

### TIONÓISCÍ DLITEANAIS MÓTAIR 2020

- **57%** — Tiománaithe feithicle ba ea 57% de na hÉilitheoirí
- **31.5%** — Paisinéir feithicle ba ea 31.5% de na hÉilitheoirí
- **5%** — Coisithe ba ea 5% de na hÉilitheoirí
- **4.5%** — Rothaithe ba ea 4.5% de na hÉilitheoirí
- **2%** — Gluaisrothaithe ba ea 2% de na hÉilitheoirí

## NA 4 DHÍOBHÁIL DLITEANAIS MÓTAIR IS COITIANTA IN 2020

**51%**

**Bhí leonadh agus stangadh dhromlach an mhuiníl i gceist le 51% de na díobhálacha**

**16%**

**Bhí leonadh agus stangadh an dromlaigh lumbach i gceist le 16% de na díobhálacha**

**8%**

**Bhí leonadh agus stangadh alt na gualainne i gceist le 8%**

**3.5%**

**Bhí leonadh agus stangadh an dromlaigh thoracsaigh i gceist le 3.5%**

## Anailís ICD-10 2020 ar Dhíobhálacha Dliteanais Mótair in Éilimh curtha faoi bhráid PIAB

Is é **ICD-10** an córas atá in úsáid ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun díobhálacha a chatagóiriú, agus tá díobhálacha á gcódú ag PIAB le haghaidh críocha staitistiúla de réir an chórais seo.

**ICD 10 Díobháil 1**

| Díobháil | % |
|---|---|
| Fíochán Bog - leontaí muiníl/ tóracsacha/lumbacha | 70.50 |
| Leontaí/ asaltuithe eile a bhaineann fíochán bog | 15.50 |
| Bristeacha | 5.50 |
| Díobhálacha síceolaíocha | 5.00 |
| Díobhálacha eile | 3.50 |
| **Iomlán** | **100.00** |

> **Díobhálacha fíochán bog atá i gceist le 85%** de na díobhálacha a bhaineann le héilimh mhótair’

# Súil Níos Grinne

## Dliteanas Fostóra



### Is iad éilimh dliteanais fostóra le haghaidh díobhálacha san ionad oibre an chatagóir is lú den trí chatagóir dliteanais.

Fuair PIAB **5,049 iarratas Dliteanas Fostóra** in 2020 agus d'eisigh sé **1,103 dámhachtain** sa chatagóir sin. Bhí an mheándámhachtain sa chatagóir seo cothrom le **€30,558**. D'fhéadfadh go mbeadh díobhálacha níos tromchúisí agus athraithe saoil mar thoradh ar dhíobhálacha san ionad oibre rud is cúis le meándámhachtainí níos airde.

### Cúis

Nuair a chaithimid súil ar na cúiseanna a bhíonn le díobhálacha san ionad oibre is léir gur tharla 22% de na tionóiscí mar thoradh ar sciorradh, tuisle agus/nó barrthuisle ag an leibhéal céanna; tharla 20% mar gheall ar róshaothar agus gluaiseachtaí láidre agus athfhillteacha; tharla 15.5% nuair a bualadh duine le hoibiacht a caitheadh, a teilgeadh nó a thit, agus tharla 11.5% nuair a brúdh, nuair a sáinníodh nó nuair a fáisceadh duine in nó idir oibiachtaí.


### Tionóisc

Tharla 26% de thionóiscí dliteanais fostóra i monarchan nó ag planda, tharla 12.5% i limistéar tionsclaíoch agus/nó tógála, tharla 11.5% i siopa nó stór agus tharla 10% i limistéar seirbhíse sláinte.

### CÚIS SHEACHTRACH LE TIONÓISCÍ DLITEANAIS FOSTÓRA 2020


**22%**

Tharla 22% de thionóiscí mar gheall ar thitim ón leibhéal céanna mar thoradh ar sciorradh, tuisle agus/nó barrthuisle



**20%**

Tharla 20% de thionóiscí mar gheall ar róshaothar agus gluaiseachtaí láidre agus/nó gluaiseachtaí athfhillteacha




**15.5%**

Tharla 15.5% de thionóiscí mar gheall ar chaitheamh, teilgean nó titim oibiachta



**11.5%**

Tharla 11.5% de thionóiscí mar gur beireadh air, gur brúdh, gur sáinníodh nó gur fáiscíodh duine in nó idir oibiachtaí



## TARLÚ TIONÓISCÍ DLITEANAIS FOSTÓRA 2020

**26%**

**Tharla 26% de thionóiscí i monarchan nó planda**

**12.5%**

**Tharla 12.5% de thionóiscí ag limistéar tionsclaíoch agus/nó tógála**

**11.5%**

**Tharla 11.5% de thionóiscí i siopa nó stór**

**10%**

**Tharla 10% de thionóiscí i limistéar seirbhíse sláinte**

## Anailís ICD-10 2020 ar Chásanna Dliteanais Fostóra

Is é **ICD-10** an córas atá in úsáid ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun díobhálacha a chatagóiriú, agus tá díobhálacha á gcódú ag PIAB le haghaidh críocha staitistiúla de réir an chórais seo.

**ICD 10 Díobháil**

| Díobháil | % |
|---|---|
| Leontaí muiníl/tóracsacha/lumbacha agus leontaí nó asaltuithe eile a bhaineann le Fíochán Bog | 35.00 |
| Leontaí/asaltuithe eile a bhaineann fíochán bog | 28.00 |
| Bristeacha | 19.00 |
| Díobhálacha eile | 6.00 |
| Díobhálacha síceolaíocha | 12.00 |
| **Iomlán** | **100.00** |

**Na díobhálacha is coitianta Dliteanas Fostóra** (seachas síceolaíoch)

| Díobháil | % |
|---|---|
| Leonadh agus stangadh an dromlaigh lumbaigh | 22.00 |
| Leonadh agus stangadh dhromlach an mhuiníl | 11.00 |
| Leonadh agus stangadh alt na gualainne | 8.50 |
| Leonadh agus stangadh páirteanna eile agus páirteanna neamhshonraithe den ghlúin | 6.00 |
| Leonadh agus stangadh an rúitín | 5 |
| Comhtholgadh | 4.5 |
| Briseadh cnámh mheiteacarpach eile | 4 |
| Leonadh agus stangadh an rosta | 4 |
| Ga briste | 3.5 |
| Leonadh agus stangadh na huillinne | 2 |

# Súil Níos Grinne

## Dliteanas Poiblí

**Is éard atá i gceist le héilimh Dliteanais Phoiblí éilimh a bhíonn i gceist nuair a bhaineann díobháil don éilitheoir ar áitreabh nó i limistéar atá faoi úinéireacht eagraíocht nó duine eile, sa chás go gcreideann an t-éilitheoir go bhfuil an duine nó an eagraíocht sin freagrach.**

In 2020 cuireadh **6,823 éileamh Dliteanais** Phoiblí faoi bhráid PIAB agus rinnead **1,426 dámhachtain** sa chatagóir sin. Bhí an mheándámhachtain sa chatagóir seo cothrom le **€26,065.**

Baineann an chatagóir is mó d'éilimh Dliteanais Phoiblí le sciorrthaí, tuislí agus titim agus is í an díobháil is coitianta díobháil fíochán bog lena n-áirítear leontaí nó asaltuithe arb ionann iad agus 70% de na héilimh seo.

### Cúis

Anseo thíos gheobhaidh tú tuilleadh mionsonraí maidir le héilimh Dliteanais Phoiblí bunaithe ar líon na n-éileamh a fuarthas in 2020. Tharla beagnach dhá thrian (64%) de na tionóiscí dliteanais phoiblí mar gheall ar sciorradh, tuisle nó barrthuisle, tharla 8% mar gur thit duine éigin ó leibhéal amháin go leibhéal eile, bhain 7.5% le hoibiachtaí a bheith á gcaitheamh, á dteilgean nó ag titim agus bhain 7% le hionsaí mar thoradh ar chorpfhórsa.

### Tionóisc

Tharla 19% de thionóiscí Dliteanais Phoiblí i siopa agus/nó i stór; tharla 18% ar bhóthar; 15% in óstán, bialann agus/nó teach tábhairne agus tharla 9.5% ar chosán.

### CÚIS SHEACHTRACH LE TIONÓISCÍ DLITEANAIS PHOIBLÍ 2020

**64%**

Tharla 64% de thionóiscí mar gheall ar thitim ar an leibhéal céanna mar thoradh ar sciorradh, tuisle nó barrthuisle

**8%**

Tharla 8% de thionóiscí mar gheall ar thitim ó leibhéal amháin go leibhéal eile

**7.5%**

Tharla 7.5% de thionóiscí mar gheall ar chaitheamh, teilgean nó titim oibiachta

**7%**

Tharla 7% de thionóiscí mar gheall ar róshaothar agus gluaiseachtaí láidre agus/nó

## TARLÚ TIONÓISCÍ DLITEANAIS PHOIBLÍ 2020

**19%**

**Tharla 19% de thionóiscí i siopa agus/nó i stór**

**18%**

**Tharla 18% de thionóiscí ar bhóthar**

**15%**

**Tharla 15% de thionóiscí ag óstán, bialann agus/nó teach tábhairne**

**9.5%**

**Tharla 9.5% de thionóiscí ar chosán**

## Anailís ICD-10 2020 ar Chásanna Dliteanais Phoiblí

Is é **ICD-10** an córas atá in úsáid ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun díobhálacha a chatagóiriú, agus tá díobhálacha á gcódú ag PIAB le haghaidh críocha staitistiúla de réir an chórais seo.

**ICD 10 Díobháil 1**

| Díobháil | Líon | % |
|---|---|---|
| Leontaí muiníl/ tóracsacha/lumbacha Fíochán Bog | 811 | 19.00 |
| Leontaí/asaltuithe eile a bhaineann fíochán bog | 1537 | 35.50 |
| Bristeacha | 1272 | 29.50 |
| Díobhálacha eile | 218 | 5.00 |
| Díobhálacha síceolaíocha | 464 | 11.00 |
| **Líon iomlán anailísithe** | **4302** | **100.00** |

**Na 10 ndíobhálacha Dliteanais Phoiblí is coitianta** (seachas síceolaíoch)

| Díobháil | Líon | % |
|---|---|---|
| Leonadh agus stangadh páirteanna eile agus páirteanna neamhshonraithe den ghlúin | 391 | 9.00 |
| Leonadh agus stangadh an dromlaigh lumbaigh | 389 | 9.00 |
| Leonadh agus stangadh dhromlach an mhuiníl | 370 | 8.50 |
| Leonadh agus stangadh an rúitín | 345 | 8.00 |
| Leonadh agus stangadh alt na gualainne | 342 | 8.00 |
| Ga briste | 338 | 8.00 |
| Briseadh sa mhailléalas cliathánach | 208 | 5.00 |
| Comhtholgadh | 183 | 4.00 |
| Leonadh agus stangadh an rosta | 155 | 3.50 |
| Leonadh agus stangadh na huillinne | 154 | 3.50 |

# Cás-staidéir

## 1



**Bhí tionóisc ag rothaí fireann sna 40idí nuair a d'oscail paisinéir i gcarr an doras agus nuair a bhuail an t-éilitheoir an doras.**

Bhuail an rothaí doras paisinéara an chairr. Bhí roinnt easnacha briste, mar aon le scamhóg bhallbhrúite agus tnáite, Briseadh spruánach an dealracháin, rinneadh roinnt díobhála don chraiceann ar a lámh dheas, uillinn agus glúin chlé.

Ní raibh ar a chumas freastal ar an obair le haghaidh dhá mhí mar thoradh ar an tionóisc agus tá a dhealrachán míchumtha go buan.

Damáistí Ginearálta
**€130,000**

Dámhachtain Iomlán
**€140,000**

## 2



**Gluaisrothaí baineann sna 20idí.**

Bhí an t-éilitheoir stoptha ag timpeallán nuair a bhuail carr í ón taobh thiar.

Rinneadh díobháil don fhíochán bog ina cromán, muineál agus droim.

Ní raibh sí in ann freastal ar an obair ar feadh dhá lá mar thoradh ar an tionóisc.

Damáistí Ginearálta
**€18,000**

Dámhachtain Iomlán
**€19,000**

## 3

**Bean sna 20idí déanacha.**



Baineadh tuisle as an éilitheoir ar chosán míchothrom agus thit sí ar a ceithre bhoinn.

Briseadh neamh-aisáitithe an phláitín chlé (pláitín glúine).


Ní raibh sí in ann freastal ar an obair le haghaidh cúig mhí mar gheall ar an tionóisc.

Damáistí Ginearálta
**€40,000**

Dámhachtain Iomlán
**€42,000**

## 4

**Fear sna 40idí.**



Bhí an t-éilitheoir ag athrú comhpháirt innealra nuair a sáinníodh a lámh i lann.

Teascadh barr na corrmhéire agus na méire fada.

Tá lámh an éilitheora míchumtha go buan agus ní féidir leis páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt.

Ní raibh sé in ann freastal ar an obair le haghaidh cúig mí mar gheall ar an tionóisc.

Damáistí Ginearálta
**€160,000**

Dámhachtain Iomlán
**€180,000**

# Covid-19
# Tionchar agus Freagairt

## Príomhphointí i rith 2020:

Tugadh laghdú **16%** faoi deara sa líon éileamh mar nár tharla an méid céanna tionóiscí agus gur bhain moill áirithe le hiarratais a phróiseáil

Thoiligh **902** gnólacht aturnaetha seirbhís leictreonach a sholáthar chun doiciméid éilimh a phróiseáil in 2020

B'éigean **6,000+** coinne leighis a athsceidealú chun an pobal a chosaint agus tacú le bearta sláinte poiblí

D'ainneoin seo, bhí an meánmhéid ama a thóg sé éileamh a mheas cothrom le **9 mhí**

Rinneadh **70%** de gach éileamh trí na cainéil are líne agus tairsi i rith na bliana, suas ó 30% in 2019

D'éirigh leis an bhfoireann ar fad oibriú ón mbaile laistigh de chúpla seachtain i ndiaidh fhógairt na paindéime

Tugadh tús áite do sheirbhísí do chustaiméirí, agus freagraíodh **177,156** ríomhphost isteach i rith na bliana. Fuarthas 107,433 ríomhphost in 2019.




# Nuálaíocht agus Seirbhísí Bairr Feabhais do Chustaiméirí

**Tá tús áite á thabhairt ag PIAB riamh anall do sheirbhísí do chustaiméirí atá tiomanta, costéifeachtúil agus éifeachtúil a chur ar fáil. Déanaimid tréaniarracht a chinntiú go bhfuil an tseirbhís atá á soláthar againn ar ardchaighdeán agus freagrúil.**

Soláthraímid raon leathan seirbhísí agus cainéal do chustaiméirí chun eolas a rochtain. Ag croílár na hoibre tá líne theileafóin tiomnaithe a bhfuil comhaltaí foirne eolasacha freagrach aisti. Tá ár seirbhís fiosrúcháin ríomhphoist ag tacú leis an líne theileafóin seo, na roghanna comhrá gréasáin ar ár suíomh gréasáin, Tairseach na nAturnaetha agus ár n-áis éilimh ar líne.

## Staitisticí seirbhísí do chustaiméirí (2020)

I rith 2020 dhéileáil an eagraíocht le

**32,195 glao teileafóin isteach**

agus

**695 comhrá gréasáin**

Laghdú de bhreis ar 41,000 glao agus comhrá gréasáin ba ea é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Dhéileálamar le **177,156** ríomhphost isteach agus **1,648** facs isteach

Déileáladh le **107,433** ríomhphost isteach an bhliain roimhe sin, agus **4,456** facs isteach.

**214,627** píosa comhfhreagrais a bhain le héilimh reatha agus scanadh agus próiseáladh 26,000 éileamh nua.


D'eagraíomar **15,653** coinne leighis

B'éigean líon suntasach coinní a chealú agus a athsceidealú mar gheall ar an bpaindéim, agus sonraí maidir leis seo le fáil níos faide anonn sa tuarascáil seo. Eagraíodh 22,032 coinne leighis in 2019.

Ba í an chatagóir ba mhó custaiméirí a ghlaoigh ar PIAB i rith na bliana aturnaetha a bhí ag déanamh ionadaíochta ar éilitheoirí, agus ina dhiaidh ar an liosta bhí éilitheoirí a bhí ag déanamh éileamh iad féin, gairmithe leighis, árachóirí, freagróirí (daoine a bhfuil éileamh á dhéanamh ina gcoinne) agus éilitheoirí a raibh aturnae acu a bhí ag lorg eolais.

> ‘Mhéadaigh líon na gcuairteanna ar shuíomh gréasáin PIAB **34%** in 2020 go dtí **329,494**’

**Seo a leanas na cúiseanna ba choitianta ar chuir custaiméirí glaoch ar PIAB:**




## Digitiú Sheirbhísí PIAB

Ón tús tá PIAB tiomanta do nuálaíocht agus d’úsáid a bhaint as teicneolaíocht nua agus táthar i ndiaidh leanúint leis seo le blianta beaga anuas trí bhreis úsáide a bhaint as modhanna ar líne chun cur ar chumas éilitheoirí nó ionadaithe dlíthiúla éilimh a thaisceadh trí úsáid a bhaint as cainéil shimplí, chairdiúla.

Tá foirm iarratais ar líne atá soiléir agus éasca le húsáid forbartha ag PIAB ar féidir le héilitheoirí díreacha úsáid a bhaint aisti (iad siúd nach bhfuil tairbhe á baint acu as ionadaíocht dhlíthiúil) chun éilimh a thaisceadh go tapa. Ina theannta sin, soláthraíonn Tairseach Aturnaetha PIAB raon leathan áiseanna lena n-áirítear rochtain ar eolas fíor-ama maidir le héilimh; áis chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn iarratas éilimh; admháil uathoibrithe maidir le dáta stoptha reachta agus roghanna Íocaíochta cuntais.

Seo a leanas na staitisticí a bhaineann le húsáid na Tairsí Aturnaetha i rith 2020:

- Fuarthas **16,999** éileamh trí Thairseach Aturnaetha PIAB. (Fuarthas 8,504 éileamh tríd an Tairseach in 2019).
- Faoi dheireadh na bliana, bhí **80%** de na haturnaetha a bhfuil ár seirbhís in úsáid acu cláraithe chun an Tairseach a úsáid. (Bhí 63% de na haturnaetha cláraithe in 2019).
- In 2020 rinneadh **1,049** éileamh tríd an bhfoirm iarratais ar líne, i gcomparáid le 691 foirm iarratais ar líne in 2019.



Rinne tuilleadh feabhsuithe ar an Tairseach in 2020 agus ciallaíonn roinnt forbairtí go bhfuil an Tairseach níos éasca le húsáid agus níos áisiúla d'úsáideoirí. Áirítear ina measc seo malartú comhfhreagrais feabhsaithe agus simplithe d'aturnaetha; gné a cheadaíonn féachaint ar an gcomhfhreagras is déanaí ar fáil ó PIAB in áit áisiúil amháin; agus an cumas Freagróirí nua a chur leis go digiteach.

Tá PIAB ag leanúint lena bhonneagar digiteach a fhorbairt agus tá níos mó custaiméirí ag baint úsáide as na háiseanna ar líne atá á gcur ar fáil.

Dhúbail an líon doiciméad scanta agus uaslódáilte gach mí i rith na bliana, fianaise ar níos mó úsáide a bheith á baint as digitiú.

Mar aon le béim leantach a leagan ar chórais athléimneacha, tá tuilleadh oibre á cur i gcrích i réimse na cibearshlándála. Ó tharla go raibh níos mó úsáide á baint as córais PIAB go cianda, bunaíodh raon leathan réamhchúraimí lena n-áirítear fíordheimhniú dhá fhachtóir chun sláine chórais PIAB a chinntiú.

Leanadh le gnáthfheidhmiú na gcóras/feidhmchlár PIAB agus bhí 99.5% de na córais ar fáil d'úsáideoirí i rith na bliana.

## Gearáin ó Chustaiméirí

Tá PIAB tiomanta don tseirbhís atá á sholáthar aige do chustaiméirí a fheabhsú go leanúnach. Mar chuid den tiomantas sin, tá próiseas foirmiúil gearán bunaithe ag an eagraíocht a chuireann ar chumas custaiméirí iarratais ar athbhreithniú a dhéanamh.

Tá eolas maidir leis an bpróiseas gearán le fáil ar shuíomh gréasáin PIAB.

Rinneadh 68 gearán ar leith in 2020, i gcomparáid le 55 in 2019, sin méadú de 21%.

Ba iad saincheisteanna a bhain le scrúduithe leighis agus saincheisteanna riaracháin ábhar na ngearán is coitianta a rinneadh agus is i gcomhthéacs na paindéime a rinneadh na gearáin. Tá an méid atá foghlamtha curtha sna áireamh i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na gearáin, áit ab fhéidir.

## Méadú ar Úsáid Shuíomh Gréasáin PIAB

Tugadh méadú faoi deara san úsáid a bhí á baint as suíomh gréasáin PIAB i rith na bliana chun cur ar chumas custaiméirí seirbhísí a rochtain go díreach ar líne, mar aon le heolas nuashonraithe agus riachtanach a sholáthar. Cuireadh nuashonruithe agus athruithe rialta i bhfeidhm ar an suíomh gréasáin lena chinntiú go raibh an t-eolas a bhí le fáil ar an suíomh cothrom le dáta agus éasca le húsáid.


Mhéadaigh an líon cuairteanna ar shuíomh gréasáin PIAB (www.piab.ie) ó 245,192 in 2019 go dtí **329,494 in 2020** sin méadú de **34%**. Is fianaise é seo gur dhúbail líon na gcuairteanna chuig an suíomh ó 2018. Cuairteoirí nua ba ea **75%** d'úsáideoirí an tsuímh gréasáin.

## Cumarsáid agus Feasacht

Tá PIAB tiomanta do rannpháirtíocht thrédhearcach agus rialta lena pháirtithe leasmhara agus custaiméirí ar fad. Déantar é seo trí raon leathan cainéal.

Áirítear ina measc cruinnithe agus seisiúin eolais agus lean PIAB leis an rannpháirtíocht dhíreach le páirtithe leasmhara i rith 2020 trí úsáid a bhaint as áiseanna leictreonacha agus teileachomhdhála. Ina theannta sin, chuir PIAB cainteoirí ar fáil le haghaidh comhdhálacha agus imeachtaí fíorúla a bhí á reáchtáil ag eagraíochtaí seachtracha.

Chomh maith leis sin, úsáideann PIAB Twitter chun nuashonruithe a roinnt go rialta, agus postáladh breis is 150 tvuít i rith 2020 ar ár gcuntas (@PIABIreland).




San áireamh inár bpostálacha Twitter bhí fógraí nuachta agus nuacht custaiméirí mar aon le heolas sábháilteachta. Tugadh méadú comhsheasmhach sa líon leantóirí faoi deara i rith na bliana. Forbraíodh plean chun tuilleadh forbairt a dhéanamh ar chainéil meán sóisialta PIAB i rith 2020 agus beidh an plean seo á rolladh amach i rith 2021.

Chomh maith leis sin, cuirimid ábhar ar fáil do na meáin chlóite, leictreonacha agus chraolta go minic mar aon le hurlabhraithe nuair is gá, agus leanadh le agus cuireadh dlús leis an obair chumarsáide seo i rith 2020, mar thoradh ar níos mó béime a bheith á leagan ag an bpobal ar dhíobhálacha pearsanta i rith na bliana.

Príomhghné dár straitéis cumarsáide le haghaidh 2020 ba ea cur leis an tuiscint atá ag daoine ar ár seirbhís agus ar na buntáistí a bhaineann leis an tseirbhís atá á soláthar againn. Rolladh feachtas fógraíochta amach i rith na bliana, sa phreas náisiúnta agus réigiúnach. Ba é an aidhm a bhí leis an bhfeachtas seo torthaí na tuarascála a d'fhoilsigh An Banc Ceannais le déanaí a roinnt, tuarascáil inar léiríodh go raibh na costais dlí a bhain le héilimh díobhálacha pearsanta a réitíodh trí PIAB i bhfad níos ísle ná éilimh ar déileáladh leo faoin gcóras dlí agus go ndearnadh iad a phróiseáil i bhfad níos tapúla freisin.



# 3 An Córas Díobhálacha Pearsanta a Athchóiriú agus a Fheabhsú

**Tá iarracht leanúnach á déanamh ag PIAB a chuid seirbhísí a fheabhsú, ach chomh maith leis sin, tá ról gníomhach aige i mbearta athchóirithe sa timpeallacht éileamh agus árachais níos leithne.**

Bhí ról gníomhach ag PIAB i dtacú leis an gclár oibre athchóirithe le blianta beaga anuas, ag glacadh páirte in agus ag tacú leis an obair atá ar bun ag an gCoimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta, faoi chathaoirleacht Uachtarán na hArdchúirte, an tUasal Nicholas Kearns, atá ar scor anois, agus an Grúpa Oibre um Chostas Árachais.

Le dhá bhliain anuas, tá roinnt príomh-mholtaí déanta agus curtha chun feidhme a bhaineann le díobhálacha pearsanta agus ba cheart go mbeadh athrú le tabhairt faoi deara sa timpeallacht árachais trí chéile mar thoradh orthu seo.

## Sonraí agus Trédhearcacht Níos Fearr

Gné leanúnach sa díospóireacht maidir le hárachas le roinnt mhaith blianta anuas é an gá atá le sonraí níos fearr maidir le héilimh árachais. In 2020, d'fhoilsigh an Banc Ceannais an dara Tuarascáil a bhí curtha i dtoll a chéile aige maidir le Mótarárachas Príobháideach bunaithe ar an mBunachar Sonraí Faisnéise Éileamh (NCID). Níor cheart beag is fiú a dhéanamh de shuntas na dtuarascálacha seo, mar go bhfuilimid tar éis bogadh ó thimpeallacht ina raibh an plé bunaithe ar fhaisnéis ad hoc agus starógach go timpeallacht ina bhfuil sonraí fíorasacha láidre atá mar bhonn le beartas agus le breis trédhearcachta. Tá an dara tuarascáil tábhachtach sa mhéid is go dtarraingítear aird inti ar threochtaí atá ag teacht chun cinn.

Bunaithe ar pheirspictíocht PIAB, chuir sé seo ar a chumas, den chéad uair, sonraí a fheiceáil a bhaineann le costas agus méid na ndámhachtainí bronnta i ndiaidh PIAB, agus tá torthaí thuarascáil 2020 an-chosúil agus comhsheasmhach le 2019. Is fianaise iad torthaí na tuarascála go raibh an meánchúiteamh a bhronn PIAB cothrom le €22,206, mar aon le costais dlí de €791, rud a chiallaigh go raibh an mheándámhachtain iomlán le haghaidh cásanna faoi €100,000 cothrom le €22,997. I gcodarsnacht leis sin, bhí an mheándámhachtain bronnta trí dhlíthíocht cothrom le €23,801, ach chiallaigh na costais bhreise fhorlíontacha go raibh costas iomlán na dámhachtana cothrom le €39,692.

Ina theannta sin, tugtar léargas sa tuarascáil ar an méid ama a thóg sé éileamh a réiteach idir dáta na tionóisce agus an réiteach, beagnach dhá bhliain níos tapúla trí PIAB. Chomh maith leis sin, aimsíodh sa tuarascáil nach raibh ach 2% de na cásanna á réiteach sna cúirteanna. Cé go léirítear sa tuarascáil an luach agus na coigiltis bunaithe ar am agus costas na seirbhíse is féidir le PIAB a sholáthar, ardaítear ann freisin ceisteanna maidir leis an gcúis a bhfuil an oiread sin cásanna ag leanúint ar aghaidh chuig dlíthíocht ainneoin na gcostas breise a bhaineann leis seo seachas na cásanna a réiteach sa chúirt.

Tugann sé deis do PIAB a mhachnamh a dhéanamh ar na rudaí eile a d'fhéadfadh sé a dhéanamh, agus na sonraí seo a úsáid agus aird a tharraingt orthu ionas go mbeidh ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara níos airdeallaí nuair a bheidh cinntí á ndéanamh. Chomh maith leis sin, tá a chuid sonraí féin in úsáid ag PIAB chun cabhrú le hathchóiriú trí shonraí a chur ar fáil agus a athbhreithniú, feabhsuithe i dtimpeallacht ghinearálta réitigh na n-éileamh a bhaineann le díobhálacha pearsanta a anailísiú agus a chur chun cinn.

> ‘Tá ról gníomhach ag PIAB i dtacú leis an gclár oibre athchóirithe le blianta beaga anuas, ag glacadh páirte in agus ag tacú leis an obair atá ar bun ag an gCoimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta, faoi chathaoirleacht Uachtarán na hArdchúirte, an tUasal Nicholas Kearns, atá ar scor anois, agus an Grúpa Oibre um Chostas Árachais.’

## Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta

Príomhfhorbairt eile a rinneadh in 2020 ba ea gur bunaíodh Comhairleoir na dTreoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta arb é an ról atá aige Treoirlínte nua maidir le Díobhálacha Pearsanta a fhorbairt a bhí le teacht in ionad an Leabhair Candaim mar an treoir le haghaidh leibhéil chúitimh in Éirinn.

Tá an poitéinseal ag na Treoirlínte nua tionchar suntasach a bheith acu ar an timpeallacht éileamh agus ar chostais árachais in Éirinn.

Tacóidh na Treoirlínte le tuiscint níos fearr ar na prionsabail a rialaíonn measúnú agus dámhachtain damáistí le haghaidh díobhálacha pearsanta agus é mar aidhm comhsheasmhacht níos fearr a chinntiú i ndáil le dámhachtainí.

Ba cheart go mbeadh sé seo mar bhonn le breis trédhearcachta sa réimse seo agus ba cheart go gcuirfeadh an chomhsheasmhacht ar chumas páirtithe a n-éilimh a réiteach níos luaithe go díreach nó trí PIAB. Ina theannta sin, deis atá ann dámhachtainí a athghrádú ionas go mbeidh an cur chuige atá á chur i bhfeidhm againne níos cosúla leis an gcur chuige atá á chur i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip.

Sholáthair PIAB cúnamh agus sonraí don Chomhairle Bhreithiúnach chun tacú leis an tionscnamh seo.

## Plean Gníomhaíochta d’Athchóiriú Árachais

Seoladh Plean Gníomhaíochta d’Athchóiriú Árachais an Rialtais i mí na Nollag. Sonraítear sa Phlean seo roinnt príomhghníomhartha lena chinntiú go bhfuil athchóiriú leantach agus spriocdhírithe sa réimse seo.

Príomhghníomhartha sa Phlean é PIAB a Fheabhsú agus a Athchóiriú. Tá sé seo ag teacht leis an ngealltanas atá tugtha i gClár an Rialtais an rud céanna a dhéanamh. Príomhghné den ghníomh seo é scrúdú a dhéanamh ar roghanna maidir le conas is féidir le PIAB tuilleadh obair a dhéanamh, agus conas is féidir linn a chinntiú go mbíonn dlíthíocht fhada agus chostasach i gceist le cásanna. Chuaigh PIAB i mbun plé leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun tacú leis an ngníomh seo, agus roghanna poitéinsiúla a scrúdú.

Áirítear i measc na réimsí athchóirithe poitéinsiúla cur leis na cumhachtaí agus modhanna atá ar fáil do PIAB; breis cumhachtaí a thabhairt do PIAB i ndáil le comhroinnt sonraí; cur le téarmaí tagartha PIAB ionas gur féidir leis déileáil le tuilleadh catagóirí éileamh; an líon cásanna a threoraíonn PIAB déileáil leo trí dhlíthíocht/trí na cúirteanna a laghdú; agus úsáid níos fearr a bhaint as sonraí.

Tá PIAB tiomanta do ról gníomhach a bheith aige sa phróiseas leantach athchóirithe agus feabhsaithe i réimse na ndíobhálacha pearsanta agus tá cumas ar leith aige breathnú ar an earnáil trí chéile ar bhealach neamhspleách.

Oibríonn PIAB le raon leathan páirtithe leasmhara agus soláthraíonn sé léargas go leanúnach ar na réimsí inar féidir feabhsuithe a dhéanamh.



# 4 Ár gComhaltaí Foirne

**Mar eagraíocht a bhfuil seirbhís á soláthar aici, is iad comhaltaí PIAB an acmhainn is riachtanaí agus is luachmhaire atá aige.**

D'fhonn a chuid oibre a dhéanamh, baineann PIAB tairbhe as acmhainn foirne ildisciplíneach agus oilte a chlúdaíonn raon leathan áiseanna teicniúla, dlíthiúla, airgeadais, acmhainní daonna agus acmhainní gairmiúla eile.

Tá a fhios againn go bhfuil daoine ag a bhfuil smaointe, láidreachtaí, réimsí spéise, cumais agus cúlraí difriúla ag cabhrú lenár n-eagraíocht feidhmiú. Tuigimid go bhfuil sé riachtanach aird leanúnach a thabhairt ar nuáil agus sa chomhthéacs sin táimid ag tacú go leanúnach le hoiliúint agus le forbairt ár gcomhaltaí foirne.

Tá PIAB fréamhaithe in agus tiomanta do na prionsabail seo a leanas - Comhionannas, Éagsúlacht, agus Cuimsiú. Is fostóir comhdheiseanna é PIAB a thacaíonn le daoine ag a bhfuil cumas éagsúil. In PIAB, ní hamháin go nglacaimid le difríocht - déanaimid é a cheiliúradh, tacaímid le difríocht agus bainimid tairbhe as difríocht ar mhaithe lenár bhfostaithe agus le seirbhís a sholáthar. Táimid ag obair ar bhonn gníomhach chun ár inrochtaineacht dár bhfostaithe, custaiméirí agus páirtithe leasmhara a mhéadú agus a fheabhsú agus déanfaimid tuilleadh dul chun cinn sa chomhthéacs seo in 2021.

I láthair na huaire is mná iad 48% den fhoireann. Tá léargas tugtha ar an ionadaíocht seo ag gráid éagsúla sa tábla thíos agus tá an eagraíocht tiomanta do thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo.

Ag an 31 Nollaig 2020, mná ba ea 55% de chomhaltaí an Bhoird agus fir ba ea 45% de na comhaltaí Boird. Dá réir sin, tá an chomhaltacht ag teacht le sprioc íosta an Rialtais de 40% ionadaíocht ar gach inscne a bheith le tabhairt faoi deara i gcomhaltacht Bhoird an Stáit.

Bliain gan fasach i stair PIAB ba ea 2020. Cosúil le go leor eagraíochtaí, chruthaigh an phaindéim go leor dúshlán dúinn agus d'fhreagraíomar dóibh. I Márta 2020, d'fhorbair PIAB, laistigh de chúpla lá, beartas sealadach maidir le cianobair mar fhreagairt don phaindéim.

Laistigh de chúpla seachtain, mar thoradh ar thiomantas fhoireann bheag TF PIAB agus toilteanas comhghleacaithe, bhí an fhoireann ar fad ag obair ó chian.

**Próifíl Foirne**

| Grád | Mná | Fir |
|---|---|---|
| Príomhoifigeach/Stiúrthóir/POF | 50% | 50% |
| Príomhoifigeach Cúnta | 37.5% | 62.5% |
| AOF | 66.66 | 33.33% |
| OF | 73.33 | 26.66% |
| PO | 66.66% | 33.33% |

> ‘In PIAB, ní hamháin go nglacaimid le difríocht déanaimid é a cheiliúradh, tacaímid le difríocht agus bainimid tairbhe as difríocht ar mhaithe lenár bhfostaithe agus le seirbhís a sholáthar’

## Obair Riachtanach i rith na Paindéime

Tá seirbhísí PIAB rangaithe mar sheirbhísí riachtanacha, agus chuir PIAB gach riachtanas sláinte poiblí agus sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm, de réir mar a tháinig athrú ar threoir i rith na bliana, agus ceapadh Príomhionadaí Oibrithe (PIO) nuair ba ghá chun cúraimí riachtanacha a chur i gcrích san oifig.

Táimid ag obair go dian chun seirbhísí a chur ar fáil chun obair ó chian a éascú. Tairgeadh measúnuithe eirgeanamaíocha do gach comhghleacaí agus cuireadh trealamh ar fáil chun tacú le hobair ó chian.

D’fhonn cabhrú le riachtanais chúraim agus oibre daoine le linn dóibh déileáil leis na srianta mar thoradh ar an gcoróinvíreas, chinn PIAB na huaireanta oibre a athrú chun breis solúbthachta a chur san áireamh. I rith 2020 lean an eagraíocht le deiseanna a chur ar fáil do chomhaltaí foirne raon roghanna oibre solúbtha a chur i bhfeidhm cosúil le Bliain Oibre níos Giorra agus Comhroinnt Oibre, sa bhreis ar Shaoire Thuismitheoireachta.

Reáchtáil PIAB suirbhé ar líne i lár na bliana, agus d’fhreagair 80% den fhoireann an suirbhé seo. Chuir sé seo ar ár gcumas faisnéis chomhiomlán agus anaithnid a bhailiú faoi thaithí ár gcomhaltaí foirne agus thug sé deis dúinn measúnú a dhéanamh ar conas a raibh ár bhfoireann ag déileáil le hobair ó chian agus d’fhreagraíomar agus chuireamar tacaíochtaí ar fáil dá réir sin. Thug an suirbhé le fios go raibh 58% dár gcomhaltaí foirne ag obair ó chian agus i mbun freagrachtaí cúraim eile faoi lár na bliana.

## Sláinte agus Folláine

Tá PIAB tiomanta d’fholláine agus do leas fostaithe agus é mar aidhm cabhrú le fostaithe a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh agus seirbhís rialta agus éifeachtúil a sholáthar, a mbeidh a chuid cuspóirí á gcomhlíonadh aige dá barr.

Tá obair mhór déanta againn chun cultúr láidir tacaíochta agus iontaoibhe a fhorbairt laistigh de PIAB agus cothromaíocht oibre is saoil agus folláine a spreagadh. Tá Clár Cúnaimh d’Fhostaithe á mhaoiniú ag PIAB do chomhaltaí foirne (is féidir seirbhísí comhairleoireachta a rochtain 24/7, 52 seachtain sa bhliain) agus seirbhísí eile cosúil leis an vacsaín fliú a chur ar fáil mar aon le scagthástálacha sláinte deonacha do gach comhghleacaí. Reáchtáladh ceardlann maidir le síceolaíocht dhearfach sa bhreis ar chainteanna faoi bhia sláintiúil agus athléimneacht agus comhoibriú i rith 2020.

Bhí baint ghníomhach ag comhaltaí foirne le himeachtaí lasmuigh den ionad oibre i rith na bliana. Áiríodh ina measc seo rannpháirtíocht in imeachtaí a d’eagraigh club sóisialta na foirne, agus €4,000 a bailíodh trí thabhartais a thug comhaltaí foirne do charthanais a bhfuil baint acu le haghaidhmhaisc a chur ar fáil do ghrúpaí leochaileacha agus d’oibrithe sláinte túslíne, seirbhísí do dhaoine gan dídean agus cabhrú le daoine a bhfuil riachtanais phráinneacha mheabhairshláinte acu.




An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# Rialachas agus Ráitis Airgeadais

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Rialachas

Is comhlacht Stáit neamhthráchtála é An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB). Tá feidhmeanna agus dualgais an Bhoird sonraithe in Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, 2007, agus 2019. Tá an Bord cuntasach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas PIAB. Cuireann an Bord an cúram seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú don eagraíocht agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist gnó agus dualgais mhuiníneacha eile.

Is é an Príomhfheidhmeannach (PF) agus an fhoireann bainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus treo PIAB. Leanann an POF agus an fhoireann bhainistíochta an treo straitéiseach ginearálta atá sonraithe ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí atá le cur i gcrích i ndáil leis an eintiteas, lena n-áirítear aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Feidhmíonn an PF mar phointe teagmhála díreach

## Modh Oibre an Bhoird – Ról agus Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird sonraithe i dTéarmaí Tagartha an Bhoird, ina sonraítear nithe a bhfuil cinneadh le déanamh ag an mBord ina leith. I measc na nithe buana a bhreithníonn an Bord tá:

- Dearbhú leasa
- Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta agus Riosca
- Tuarascálacha feidhmíochta ón POF agus foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin, agus
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta

Chomh maith leis sin, breithníonn an Bord nithe a bhaineann go sonrach leis, lena n-áirítear:

- A chinntiú go bhfeidhmíonn an Bord de réir theorainneacha a údaráis reachtúil agus/nó aon údaráis tarmligthe comhaontaithe leis an Aire;
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht phróisis agus chórais bainistíochta riosca an Bhoird chun sainaithint, monatóireacht agus rialú éifeachtach rioscaí a chinntiú;
- Measúnú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas rialaithe agus bainistíochta riosca inmheánach;
- Comhaontú maidir le nósanna imeachta ceannacháin an Bhoird, lena n-áirítear na leibhéil tarmligthe údaráis;
- Ceannacháin/conarthaí suntasacha a cheadú;
- Aon athruithe suntasacha ar bheartais nó ar chleachtais chuntasaíochta a cheadú;
- Tuarascálacha Bliantúla a cheadú;
- An Buiséad Bliantúil a cheadú agus a mhonatóiriú;

Ceanglaíonn Alt 77 d'Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, ar an mBord ráitis airgeadais bliantúla a ullmhú san fhormáid agus sa tslí atá sonraithe ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.
- A shonrú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh le caighdeáin chuntasaíochta cuí, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 77 den Acht. Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais PIAB léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais PIAB ag an 31 Nollaig 2020.

Mar atá sonraithe sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá le fáil sna Ráitis Airgeadais ar cuid den Tuarascáil Bhliantúil seo iad, chuir an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha i gcrích laistigh den eagraíocht i ndáil leis an mbliain. Bhí an t-athbhreithniú seo bunaithe ar obair an iniúchóra inmheánaigh, an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, agus Feidhmeannas na heagraíochta atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe. Chinn an Bord go raibh sé sásta maidir le héifeachtacht an chórais de rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm san eagraíocht. Chomh maith leis sin, rinne PIAB athbhreithniú ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe agus chinn sé go raibh bearta maolaithe rialaithe agus riosca cuí curtha i bhfeidhm.

I rith na bliana, rinne an Bord measúnú ar phríomhrioscaí na heagraíochta, lena n-áirítear cur síos ar an riosca agus ar na bearta nó straitéisí gaolmhara a bhfuil sé mar aidhm leo na rioscaí seo a rialú agus a mhaolú. Chinn Comhaltaí Boird go raibh siad sásta leis an gcreat bainistíochta riosca agus leis na próisis ghaolmhara atá i bhfeidhm.

Mar chuid dá fhreagrachtaí dea-rialachas a chinntiú agus chun an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh, rinne an Bord measúnú ar a fheidhmíocht féin. Tá torthaí an athbhreithnithe dearfach agus rinneadh líon beag moltaí a bheidh mar bhonn le feidhmíocht agus le hoibriú an Bhoird a fheabhsú nuair a chuirfear i bhfeidhm iad.

## Struchtúr an Bhoird

Páirteach sa Bhord tá Cathaoirleach, agus naonúr gnáthchomhaltaí (neamhfheidhmiúchán) agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Is é an tAire Fiontar, Trádála & Fostaíochta a cheapann Comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhse shainithe de réir théarmaí Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003.

Bhuail comhaltaí an Bhoird le chéile ocht mbabhta i rith 2020. Freastalaíonn an PF agus an fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ar chruinnithe Boird chun críocha nithe ábhartha a phlé. Chomh maith leis sin, i rith 2020 bhuail comhaltaí an Bhoird le chéile, nuair nach raibh Comhaltaí Feidhmiúcháin i láthair, chun aon nithe a measadh a bhí ábhartha a phlé. Tá liosta le fáil sa tábla thíos de na Comhaltaí Boird ar fad a bhí i mbun oibre in 2020 agus a dtaifead tinrimh ag cruinnithe Boird.

## Liosta Iomlán na gComhaltaí Boird i Rith 2020

| Name | | Attendance Record |
|---|---|---|
| Dermot Divilly | Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin | 8 as 8 |
| Margot Slattery | Leas-Chathaoirleach agus ainmní Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) | 6 as 8 |
| Rosalind Carroll | Príomhfheidhmeannach | 7 as 7 |
| Colette Crowne | Ainmní an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 6 as 8 |
| Walter Cullen | Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) | 7 as 8 |
| Aengus Cummins | Ainmní Insurance Ireland | 8 as 8 |
| Karen Furlong | Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin | 7 as 8 |
| Nuala E. Jackson | Abhcóide Sinsearach | 7 as 8 |
| Cathal Lafferty | Ainmní Bhanc Ceannais na hÉireann | 8 as 8 |
| Dr Jean O'Sullivan | Comhairleach Míochaine Éigeandála | 7 as 8 |
| Breda Power | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | 2 as 2 |
| John Shine | An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta | N/B – ceaptha Nollaig 2020 |
| Stephen Watkins | Rúnaí don Bhord | 8 as 8 |

## Athruithe Pearsanra

Ceapadh Cathal Lafferty ón 1 Eanáir 2020. Ar an 2 Márta 2020, chuir an POF nua, Rosalind Carroll, tús leis an ról sin. I mí Aibreáin 2020 chuaigh Breda Power ar scor ón mBord. Ceapadh John Shine ina chomhalta Boird i mí na Nollag 2020.

## Coistí Boird

Chomh maith leis sin, bhunaigh an Bord Coiste Iniúchta agus Riosca a raibh roinnt Comhaltaí Boird páirteach ann.

Is é an ról atá ag an gcoiste tacú leis an mBord lena fhreagrachtaí as nithe a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas, agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste ag feidhmiú neamhspleách ar fhoireann bhainistíochta airgeadais na heagraíochta.

Cinntíonn an Coiste go háirithe, go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Bhuail an Coiste le chéile cúig bhabhta i rith 2020. Anseo thíos tá sonraí maidir le comhaltacht an Choiste i rith na bliana:

## Comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca 2020

| Comhalta | Tionacht |
|---|---|
| Cathal Lafferty<br>*Cathaoirleach* | Ón 26 Feabhra 2020 |
| Walter Cullen | Bliain iomlán |
| Aengus Cummins | Bliain iomlán |
| Breda Power | Go dtí Aibreán 2020 |
| Margot Slattery | Bliain iomlán |

Rúnaí: Stephen Watkins

## Táillí agus Costais Bord

Tá sonraí na dtáillí a íocadh le Comhaltaí Boird le fáil thíos. Mar a tharla i rith na mblianta roimhe seo, níor íocadh aon chostais le Comhaltaí Boird.

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Dermot Divilly<br>*Cathaoirleach* | 20,520 | 20,520 |
| Walter Cullen | 11,970 | 11,970 |
| Aengus Cummins | 11,970 | 7,980 |
| Karen Furlong | 11,970 | 997 |
| Nuala E. Jackson | 11,970 | 11,970 |
| Margot Slattery | 11,970 | 11,970 |
| Martin Naughton | 0 | 3,092 |
| Iomlán | 80,370 | 68,499 |

Níor íocadh aon táillí leis na Comhaltaí Boird seo a leanas i rith 2020 mar gur cuireadh an prionsabal 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' i bhfeidhm: Breda Power, Cathal Lafferty, Dr Jean O'Sullivan, Colette Crowne, John Shine, agus Rosalind Carroll.

## Nochtuithe arna gCeangal de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód) mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) i mí Lúnasa 2016, á gcomhlíonadh ag PIAB. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh de réir an Chóid:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí (Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 3 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

Costais Chomhairleachta (Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 6 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

Costais agus Socruithe Dlí (Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 6 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhiantúil seo).

Caiteachas Taistil agus Cothaithe (Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 6 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

Caiteachas Fáilteachais (Tá an nochtadh a bhaineann leis seo le fáil i Nóta 6 sna Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta bunaithe chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú.

Tá cásanna de sholáthar neamh-chomhlíontach sonraithe sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá le fáil sna Ráitis Airgeadais atá iarcheangailte leis an Tuarascáil Bhliantúil seo.

Seachas sin, bhí an Cód Cleachtais ina iomláine á chomhlíonadh ag PIAB i rith 2020.

Sínithe

**Dermot Divilly**
Cathaoirleach

an 7 Aibreán 2021

**Rosalind Carroll**
An Príomhoifigeach

an 7 Aibreán 2021

# Rialachas Corparáideach – Comhlíontacht

## Rialachas Corparáideach – Comhlíontacht

Feidhmíonn PIAV de réir fhorálacha Acht 2003, arna leasú in 2017 agus 2019. Feidhmíonn PIAB faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Le cois théarmaí ár reachtaíochta rialaithe, ceanglaítear orainn freisin raon leathan ceanglas reachtúil (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile a chomhlíonadh. Go háirithe, tá nósanna imeachta bunaithe againn lena chinntiú go bhfuil na ceanglais shonracha seo a leanas á gcomhlíonadh againn:

## Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag PIAB lena chinntiú go bhfuil an Cód nua a bunaíodh i Lúnasa 2016 agus ar ghlac an Bord leis go foirmiúil á chomhlíonadh. Gach bliain, soláthraíonn Cathaoirleach an Bhoird deimhniú foirmiúil don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Comhlíontacht PIAB leis an gCód. Cuimsítear anseo deimhniú go bhfuil an Cód Caiteachais Phoiblí á chomhlíonadh agus go bhfuiltear ag cloí leis. Mar chuid de cheanglais an Chóid, tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse forbartha lenár máthair-Roinn.

## Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tagann PIAB laistigh de raon Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus tá glactha aige le nósanna imeachta d'fhonn a chinntiú go bhfuil an tAcht á chomhlíonadh. Dá réir sin, más gá, tá ráiteas leasanna comhlánaithe ag Comhaltaí Boird agus ag comhaltaí foirne a bhfuil poist ainmnithe acu, ar mhaithe le forálacha an Achta a chomhlíonadh. Os a choinne sin, tá nósanna imeachta bunaithe le haghaidh leasanna a bheith á nochtadh go leanúnach ag Comhaltaí Boird, ceist a chuirtear ag tús gach cruinniú Boird. Tá comhaltaí foirne atá ag feidhmiú ag leibhéal bainistíochta faoi réir na reachtaíochta seo freisin.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag PIAB ar mhaithe le forálacha an Achta a chomhlíonadh. Tá glactha aige le ráiteas sábháilteachta nua ina gcuimsítear gach gné de leas foirne.

## Comhionannas Fostaíochta

Fáiltíonn PIAB roimh éagsúlacht agus tacaíonn sé le comhdheiseanna. Táimid tiomanta d'fhoireann a fhorbairt a bhfuil cúlraí, dearcthaí agus scileanna éagsúla aici. Táimid tiomanta dár mbunluachanna - Comhoibriú, Meas, Oscailteacht agus Ionracas. Chuige sin, táimid tiomanta do thimpeallacht cóimheasa a sholáthar ina bhfuil comhdheiseanna fostaíochta ar fáil do gach iarratasóir agus comhghleacaí beag beann ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil. Ní ghlacfaidh PIAB le haon idirdhealú nó ciapadh lena n-áirítear é sin atá bunaithe ar aon cheann de na saintréithe seo. Táimid ag obair ar bhonn gníomhach chun ár inrochtaineacht dár bhfostaithe, custaiméirí agus páirtithe leasmhara a mhéadú agus a fheabhsú agus déanfaimid tuilleadh dul chun cinn sa chomhthéacs seo in 2021.

## Cearta an Duine

Sonraítear tiomantas na heagraíochta do na nithe seo a leanas i gCairt Custaiméirí PIAB: Caitheamh go cothrom, go cóir agus go measúil le custaiméirí. Tá PIAB airdeallach ar na catagóirí daoine atá á gcosaint faoi dhlí comhionannais agus ní dhéanann sé aon idirdhealú ar bhonn ar cheann de na forais atá sonraithe in Acht um Stádas Comhionann 2000-2015 (ASC) i ndáil le soláthar earraí. Ní dhéanann PIAB idirdhealú ar na forais seo a leanas - inscne; stádas sibhialta; stádas tuismitheoireachta; stádas máithreachais; stádas teaghlaigh; gnéaschlaonadh; reiligiún; aois; cine, náisiúntacht, nó cúlra eitneach; ballraíocht den Lucht Siúil; nó míchumas. Soláthraíonn PIAB seirbhísí do gach éilitheoir nó freagróir, a bhaineann le héilimh atá déanta i bPoblacht na hÉireann agus déanann sé cinntí bunaithe ar a ról agus freagrachtaí faoin

reachtaíocht lena n-áirítear na hAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, arna leasú, agus dlíthe ábhartha eile.

Tá tiomantas PIAB do mheasúnú cóir, éifeachtúil agus trédhearcach éileamh sonraithe go soiléir ar a shuíomh gréasáin. Tá suíomh gréasáin nuashonraithe PIAB forbartha chun rochtain feabhsaithe a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas radhairc agus tá sé scríofa go simplí agus go soiléir.

## Cosaint Sonraí

Tá PIAB tiomanta d'ardchaighdeáin a chinntiú i ndáil le cosaint sonraí a bhaineann le sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire atá ina sheilbh agus á bpróiseáil aige. Tá Cód Cleachtais Cosanta Sonraí foilsithe ag PIAB ar a shuíomh gréasáin agus tá beartais agus próiseas cuimsitheach bunaithe aige chun sonraí agus cearta na ndaoine is ábhair do na sonraí a chosaint. Reáchtáiltear oiliúint agus seisiúin faisnéise do chomhaltaí foirne go rialta agus cuimsítear cosaint sonraí sa lámhleabhar láimhseála éileamh a úsáideann an fhoireann De bhrí gur tosaíodh ag obair ó chian agus mar gheall ar phróisis nua a bheith á gcur i bhfeidhm in 2020, thiomsaigh PIAB líon suntasach Measúnuithe Tionchair Cosanta Sonraí ina ndearnadh measúnú ar an riosca a bhain le cineálacha éagsúla próiseála, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar dhaoine is ábhar do na sonraí, agus cibé acu an bhféadfaí leanúint lena leithéid de phróiseáil le rialuithe molta. Úsáideann PIAB bearta teicniúla agus oibríochtúla chun a chuid sonraí a chosaint lena n-áirítear balla dóiteáin, bogearraí frithvíreas, tástáil ionraidh, cosaint agus criptiú pasfhocail. Gach bliain, déanann clár Dearbhaithe Cáilíochta PIAB athbhreithniú ar phróisis cosanta sonraí san eagraíocht.

## Reachtaíocht Saorála Faisnéise

Tugadh PIAB faoi scáth na reachtaíochta Saorála Faisnéise (SF) i rith 2015. D'fhreagair an eagraíocht do roinnt iarratas a bhain le cásanna agus roinnt iarratas níos ginearálta in 2020.

Faoina Scéim Foilseacháin SF, foilsíonn PIAB faisnéis maidir lena sheirbhísí, eolas airgeadais, agus soláthar ar a shuíomh gréasáin.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tagann PIAB faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a sholáthraíonn creat reachtúil do sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla. Chomh maith leis sin, foilsítear ár nDoiciméad Straitéise i nGaeilge agus i mBéarla agus tá faisnéis d'éilitheoirí agus do fhreagróirí le fáil ar ár suíomh gréasáin i nGaeilge agus i mBéarla.

## Nochtuithe Cosanta

Tá Beartas Nochtuithe Cosanta ag PIAB a sholáthraíonn creat faoinar féidir le comhaltaí foirne aird a tharraingt ar ábhair imní maidir le héagóracha poitéinsiúla atá tugtha faoi deara acu le linn dóibh a bheith ag obair san eagraíocht, agus tuigeann siad gur féidir leo tairbhe a bhaint as cosaintí fostaíochta suntasacha. Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta i rith 2020.

## Íoc Pras Cuntas

Admhaíonn PIAB an fhreagracht atá air maidir le comhlíontacht a chinntiú i ngach ponc ábhartha le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (IR.580 de 2012), ina bhforáiltear go mbeidh ús pionóis iníoctha mura gcomhlíontar íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonraítear a mhalairt i gconradh nó comhaontú.

Is é an beartas atá againn a chinntiú go ndéantar gach sonrasc a rianú agus a íoc go pras roimh an dáta dlite chun críocha úis agus muirear. Tá nósanna imeachta bunaithe chun dearbhuithe réasúnacha a sholáthar i gcoinne neamh-chomhlíonadh leis an Acht agus leis na Rialacháin.

## Cánachas

Deimhníonn PIAB go bhfuil dlíthe cánach á gcomhlíonadh aige. Tá nósanna imeachta bunaithe lena chinntiú go bhfuil a oibleagáidí faoi dhlíthe cánach á gcomhlíonadh ag PIAB agus go bhfuil gach dliteanas cánach á íoc ar nó roimh na dátaí dlite ábhartha.



## Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# Ráitis Airgeadais

# Eolas Ginearálta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird** | Dermot Divilly (Cathaoirleach) | | |
| | Rosalind Carroll (POF) | Thosaigh ar 2 Márta 2020 | |
| | Walter Cullen | | |
| | Colette Crowne | | |
| | Breda Power | Deireadh le Comhaltas in Aibreán 2020 | |
| | Margot Slattery | | |
| | Nuala Jackson | | |
| | Dr. Jean O'Sullivan | | |
| | Aengus Cummins | | |
| | Karen Furlong | | |
| | Cathal Lafferty | Thosaigh ar 1 Eanáir 2020 | |
| | John Shine | Thosaigh ar 8 Nollaig 2020 | |
| **Oifig** | Grain House<br>Halla an Mhalartáin<br>Cearnóg Belgard Thuaidh<br>Tallaght<br>Baile Átha Cliath 24<br>D24 PXWO | | |
| **Iniúchóir** | an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>An Port Thuaidh<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 | | |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>6 Sráid Priorsgate<br>Main Street<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24<br>D24 XY66 | KBC Bank Ireland plc<br>Sráid Sandwith Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 X489 | Ulster Bank Group<br>Cé Sheoirse<br>Baile Átha Cliath<br>D02 VR98 |
| **Aturnaetha** | Eversheds Sutherland<br>Ardán Phort an Iarla<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 X668 | | |
| **Suíomh Gréasáin** | www.piab.ie | | |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

### An Bord Measúnaithe Díobhálabha Pearsanta

### Tuarim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsant le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020 de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 77 de Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus le cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir le staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreafaí airgid thirim agus
- na nótaí gaolmhara, ar a n-áirítear achoimre de na beartais shuntasacha cuntasaíochta

I mo thuairimse, tugtar léargas fíor agus cóir ins na ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteana agus staid airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ag 31 Nollaig 2020 agu ar a ioncam agus a chaiteachas do 2020 de reir Caighdeáin Tuarascála Airgeadais (FRS) 10 *– An Caighdeán Tuarascála Airgeadais a bhfuil feidhm aige sa RA agus i bPoblacht n hÉireann.*

### *An bunús leis an tuairim*

Chuir mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnt maidir le hIniúchóireacht (ISA) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Institiúi Uachtaracha Iniúchóireachta. Tá cuntas tugtha ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeái sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an mBord Measúnaith Díobhálacha Pearsanta agus tá mo dhualgais eiticiúla eile comhlíonta agam de réir n gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí chu bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar eolas seachas na ráitis airgeadais agus nithe eile

Tá eolas áirithe curtha i láthair ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta i dteannt leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialála sa áireamh, agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas faoi rialáil inmheánach. T cuntas tugtha ar na freagrachtaí atá orm maidir le heolas dá leithéid, agus maidir le nithe eile dhéanaim a thuairisciú mar eisceachtaí, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina leith sin.

**Mark Brady**
**I gcomhair agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**12 Aibreán 2021**

### Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird sa ráiteas rialála agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird. Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais sa bhfoirm atá forordaithe le hAlt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003
- a chinntiú go dtugann na ráiteas airgeadais léiriú fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil sé cuí an bonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta a úsáid, agus
- pé rialáil inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun a chur i gcumas ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm le hAlt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is éard is aidhm agam agus mé ag cur an iniúchta i gcrích ná cinnteacht réasúnach a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Ardleibhéal cinnteachta is ea cinnteacht réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbeidh iniúchadh a cuireadh i gcrích de réir ISA i gcónaí in ann míráiteas ábhartha a bhrath áit gur ann dó. Féadann míráitis ábhartha teacht ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí go réasúnach bheith ag súil go rachaidís, ina n-aonar nó go comhiomlán, i gcion ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir an ISA, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním le sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí go ndéanfaí míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur ar fáil le mo thuairim. Is mó an riosca nach ndéanfaí míráiteas ábhartha a bhrath i gcás calaoise ná i gcás earráide ar an ábhar go bhféadann claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéisí, nó sárú na rialála inmheanaí bheith i gceist leis an gcalaois.
- Faighim tuiscint ar an rialáil inmheánach atá bainteach leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí insna tosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtaí gaolmhara.
- Tagaim chun conclúide maidir leis an gceist an bhfuil sé cuí an bonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, an bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le tarluithe nó dálaí a mbeadh amhras suntasach ann dá barr faoi chumas an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta dul ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más rud é go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara insna ráitis airgeadais nó, mura mbíonn na nochtaí sin leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta an iniúchta agam. Is féidir, áfach, go mbeadh tarluithe nó dálaí amach anseo ina gcúis le go n-éireodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta as oibriú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, na nochtaí san áireamh, agus cé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na tarluithe bunúsacha i mbealach ina mbaintear léiriú cóir amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil freagracht rialála orthu maidir, i measc nithe eile, le scóip bheartaithe agus uainiú an iniúchta agus cinntí suntasacha an iniúchta, ar a n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialáil inmheánach a shainaithním i gcaitheamh an iniúchta agam.

#### *Eolas seachas na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais an t-eolas eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chonclúid cinnteachta maidir leis.

Maidir leis an iniúchadh agam ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoin ISA an t-eolas eile arna chur i láthair a léamh agus, ag déanamh amhlaidh dom, a mheas cé acu an bhfuil an t-eolas eile comhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, nó an bhfuil an chuma air i mbealach eile go bhfuil sé míráite go hábhartha. Má thagaim ar an gconclúid, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann ar an eolas eile seo, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### *Tuarisciú ar nithe eile*

Cuireadh m'iniúchadh i gcrích trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Déanaim tuairisc más amhlaidh go bhfuil nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh m'iniúchta. Déanaim tuairisc má bhíonn aon chás ábhartha ann inar cuireadh airgead chun feidhme chun críocha ar bith seachas na críocha beartaithe nó sa chás nár géilleadh leis na hidirbhearta do na húdaráis arna rialáil.

Tuairiscím de réir eisceachta chomh maith más amhlaidh, i mo thuairimse

- Nach bhfuair mé an t-eolas nó na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun cur ar chumas iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go réidh agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais comhréireach leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann BMDP (an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta), aithním freagracht an Bhoird chun a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á chothú agus á chur i bhfeidhm i gcónaí.

Áirítear leis seo riachtanais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialála Inmheánaigh

Dearadh an córas rialála inmheánaigh chun riosca a bhainistiú go dtí go bhfuil se ar leibhéal inghlactha seachas é a chur as an áireamh go hiomlán. Ní féidir ráthaíocht absalóideach ach réasúnta a sholáthar leis an gcóras, mar sin, go gcumhdaítear sócmhainn, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar go cuí idirbhearta agus go gcoisctear earráidí nithiúla nó neamhrialtachtaí nó go gcoiscfí iad ar bhealach tráthúil. Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa BMDP don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Timpeallacht Rialaithe

San áireamh ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca (CIR), den BMDP atá comhdhéanta de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, tá daoine a bhfuil taithí dhéanaí ábhartha acu, lena n-áirítear inniúlacht i gcuntasaíocht, in iniúchadh agus i mbainistíocht riosca. Bhuail an CIR le chéile cúig uaire in 2020. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an BMDP freisin a bhfuil go leor acmhainní aici agus a dhéanann clár oibre a chomhaontaítear leis an CIR. Oibríonn an fheidhm Iniúchta inmheánaigh de réir Chairt faofa Iniúchta Inmheánaigh, atá comhsheasmhach leis na forálacha a leagtar amach sa Chód agus socraítear ar phlean oibre a chomhaontaítear leis an CIR agus leis an mBord. Leis an bplean oibre reatha iniúchta inmheánaigh cuirtear réimsí riosca ionchasaigh atá sainaitheanta ag an eagraíocht san áireamh, le haird ar a cuspóirí straitéiseacha agus a creatlach bainistíochta riosca.

Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuarascálacha rialta ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca ar thascanna a rinneadh. Leagann na tuarascálacha sin béim ar easpaí nó laigí, más ann dóibh, atá sa chóras rialaithe inmheánaigh agus na bearta ceartaitheacha a mholtar a dhéanamh más gá. Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag BMDP atá faofa ag an mBord, ina leagtar amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí na ról agus na bhfreagrachtaí atá ag an bhfoireann maidir le riosca. Tá an beartas agus an t-ábhar ann curtha ar shúile gach ball foirne atá beartaithe le hobair laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an BMDP, chun an bhainistíocht a chur ar a n-airdeall faoi laigí rialaithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin

## Creatlach Riosca an Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an PIAB lena sainaithnítear eochair-rioscaí agus na gníomhartha bainistíochta arna nglacadh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú, agus tuairiscíonn sé ar an méid sin. Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear na heochairrioscaí atá faoin BMDP agus sainaithníodh iad sin, rinneadh measúnú orthu agus tugadh grádú dóibh de réir an suntais a bhaineann leo. Athbhreithnítear agus nuashonraítear an clár ag an CIR ar bhonn bliantúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha. Tugtar eolas faoi na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sainithe d'aonaid/do bhainisteoirí gnó sainiúla sa chlár riosca. Tá céimeanna tógtha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm a chuimsíonn na nithe a leanas:

- tá Príomh-Oifigeach Riosca ceaptha chun forfheidhmiú na creatlaí bainistíochta riosca a mhaoirsiú,
- tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta le haghaidh gach eochairphróiseas gnó,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil, atá á athbhreithniú agus á fhaomhadh ag an mBord

- déanann an fhoireann shinsearach agus an Bord athbhreithniú leanúnach ar an mbuiséad bliantúil
- córas tuairiscithe mhíosúil chuimsithigh lena n-áirítear tuairisciú airgeadais agus oibríochtúil, a bhfuil athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an bhfoireann shinsearach air
- tá freagrachtaí airgeadais agus oibríochtúla sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá athbhreithnithe rialta iniúchta inmheánaigh á ndéanamh ar rialaithe agus ar nósanna imeachta airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta.
- tá córais bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais bunaithe chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach:

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, áit ar cuí, ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat de thuairisciú bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas de tharmligean agus cuntasacht. Áirítear ann, go háirithe:

- Tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta,
- tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an bhfoireann bhainistíochta shinsearach ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a thugann léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.
- athbhreithniú ar riosca ag gach cruinniú Boird;
- comhaontaítear plean iniúchta inmheánaigh trí bliana. Athbhreithnítear agus comhaontaítear an plean iniúchta gach bliain. Soláthraíonn an clár iniúchta inmheánaigh tuairim neamhspleách agus oibiachtúil maidir leis an timpeallacht rialaithe.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag PIAB lena chinntiú go bhfuil na rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh. Chun dea-chleachtas sa réimse seo a chinntiú, cuirtear cúrsaí oiliúna ar fáil go rialta do phríomhchomhaltaí foirne agus don fhoireann bhainistíochta. Tá clár conarthaí agus plean soláthair bunaithe ag PIAB chun pleanáil chuí maidir le soláthar conarthaí a chumasú. I rith na bliana, tabhaíodh caiteachas de €8,478,269 ar earraí agus ar sheirbhísí.

Tarraingítear aird ar nithe a bhaineann le Rialuithe soláthair faoi Shaincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh thíos

## COVID-19

Bhí tionchar suntasach ag COVID-19 ar PIAB ó thaobh cúrsaí oibríochtúla agus airgeadais de agus chuir sé isteach ar ghnáthphróisis ghnó agus ar ghnáthghníomhaíocht i rith na bliana. Ó thaobh cúrsaí oibríochtúla de, tugadh ceann de na tionchair is suntasaí faoi deara i ndáil le cumas PIAB amlínte reachtúla a chomhlíonadh chun éilimh a mheas, de bhrí go mb'éigean na mílte coinne leighis a chur ar ceal mar thoradh ar shrianta Covid-19.

Bunaíodh plean téarnaimh mhionsonraithe lena chinntiú go raibh seirbhísí á dtéarnamh go tráthúil. Ó thaobh cúrsaí airgeadais de, bhí tionchar suntasach ag laghdú sa líon iarratas éileamh

díobhálacha pearsanta a fuarthas ar staid airgeadais PIAB, agus chuir staid na gcúlchistí ar chumas PIAB leanúint le hoibríochtaí. Chiallaigh an ceanglas go raibh comhaltaí foirne ag obair ó chian seachas san oifig go mb'éigean do PIAB a phróisis, rialuithe agus nósanna imeachta a athbhreithniú lena chinntiú go raibh siad oiriúnach don fheidhm sa timpeallacht nua seo.

Tá athbhreithniú déanta ag PIAB ar thionchar Covid-19 ar a thimpeallacht rialaithe i rith na bliana. Thug feidhm iniúchta inmheánaigh PIAB faoi athbhreithniú ar athléimnheacht Oibríochtúil Covid-19 i rith na bliana, agus cuireadh measúnú riosca ar rialuithe i gcrích freisin. I rith an athbhreithnithe seo breithíodh an doiciméad treorach a d'eisigh OCAG i Meán Fómhair - "Tionchar Covid-19 ar do thimpeallacht rialaithe". Chomh maith leis sin, nuashonraíodh an clár rioscaí agus athbhreithníodh leordhóthanacht na rialuithe reatha, sainaithníodh rialuithe nua agus cuireadh gníomhaíochtaí sonracha i gcrích chun déileáil leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus ab fhéidir.

## Ceisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

**Soláthar Neamh-chomhlíontach**

I rith 2020, tabhaíodh caiteachas de €40,267 i ndáil le conradh nuair nár comhlíonadh na treoirlínte soláthair ina n-iomláine sna nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm. Chinn PIAB conradh reatha a thar-rolladh, áit nach raibh aon fhoráil sa chonradh dá leithéid de thar-rolladh. Eiseofar comórtas tairisceana nua in 2021.

Réitíodh an dá shampla de sholáthar neamh-chomhlíontach atá luaite i Ráitis Airgeadais 2019 in 2020.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag PIAB chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag PIAB ar an gcóras maidir le rialú inmheánach bunaithe ar an obair atá á déanamh ag an Iniúchóir Inmheánach, Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Coiste Iniúchta agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach laistigh de PIAB atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go bhfuil athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht chóras na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2020 curtha i gcrích ag an mBord.

Sínithe thar ceann an Bhoird;



**Dermot Divilly**
Cathaoirleach

an 7 Aibreán 2021

# Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020<br>€ | Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam Táillí - Éilitheoir | 2 (a) | **1,501,534** | 1,526,789 |
| Ioncam Táillí - Freagróir | 2 (a) | **6,948,388** | 10,124,225 |
| Ioncam Eile | 2 (b) | **54,953** | 12,956 |
| **Ioncam Iomlán** | | **8,504,875** | 11,663,970 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara | 3 | **6,079,024** | 6,043,160 |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | 4 | **80,370** | 68,499 |
| Costais Próiseála Éileamh | 5 | **1,823,106** | 2,458,426 |
| Cóiríocht & Foirgnimh | 6 | **348,548** | 406,945 |
| Earcaíocht, Oideachas & Oiliúint | 6 | **47,290** | 123,165 |
| Faisnéis, Taighde & Cumarsáid | 6 | **196,186** | 205,555 |
| Costais Iniúchta & Ghairmiúla, Dlíthiúla & Chomhairleachta | 6 | **167,128** | 622,192 |
| Costais TF & Teileachumarsáide | 6 | **677,094** | 682,549 |
| Riarachán Ginearálta | 6 | **306,214** | 667,258 |
| Dímheas | 7 | **345,810** | 347,084 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **10,070,771** | 11,624,834 |
| **(Easnamh) / barrachas don bhliain** | | **(1,565,896)** | 39,136 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | **9,157,895** | 18,118,759 |
| Aistriú chuig An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | 18 | **0** | (9,000,000) |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Caipitil | 16 | **(2,700,000)** | 0 |
| **Iarmhéid ag Deireadh na Bliana** | | **4,891,999** | 9,157,895 |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ag an dáta tuairiscithe. Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

Sínithe thar ceann an Bhoird;

**Dermot Divilly**
Cathaoirleach

7ú Aibréan 2021

**Rosalind Carroll**
Príomhfheidhmeannach

7ú Aibréan 2021

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020 € | Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019 € |
|---|---|---|---|
| (Easnamh) / Barrachas don Bhliain | | **(1,565,896)** | 39,137 |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | 15 | **(705,000)** | 52,000 |
| Athrú ar fhoshuíomhanna atá mar bhonn ag an luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir | 15 | **(1,007,000)** | (5,177,000) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir Iarchurtha | | **1,712,000** | 5,125,000 |
| **Ioncam cuimsitheach don bhliain** | | **4,891,999** | 39,137 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

Sínithe thar ceann an Bhoird;

**Dermot Divilly**
Cathaoirleach

7ú Aibréan 2021

**Rosalind Carroll**
Príomhfheidhmeannach

7ú Aibréan 2021

# Ráiteas ar Staid Airgeadais

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020<br>€ | 2020<br>€ | 2019<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | | | |
| Sócmhainní Seasta | 7 | | 653,808 | | 897,967 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | 8a | **1,863,426** | | 1,863,683 | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | 8b | **9,305,869** | | 11,055,992 | |
| Sócmhainní Reatha Iomlána | | **11,169,295** | | 12,919,675 | |
| **Dliteanais Reatha: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Míreanna Iníoctha | 9 | **3,921,102** | | 4,041,878 | |
| Glansócmhainní Reatha | | | 7,248,193 | | 8,877,797 |
| **Creidiúnaithe: méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin** | | | | | |
| Forálacha | 11 | | (310,002) | | (617,868) |
| Sochair Scoir | | | | | |
| Oibleagáid Sochair Scoir | 15 | | (37,741,000) | | (34,003,000) |
| Sócmhainn Maoinithe Sochair Scoir Iarchurtha | 15 | | 37,741,000 | | 34,003,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | | **7,591,999** | | **9,157,896** |
| **Arna Mhaoiniú Ag:** | | | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 16 | | 4,891,999 | | 9,157,896 |
| Cúlchiste Caipitil | 16 | | 2,700,000 | | 0 |
| **Iomlán Arna Mhaoiniú ag:** | | | **7,591,999** | | **9,157,896** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

Sínithe thar ceann an Bhoird;

**Dermot Divilly**
Cathaoirleach

7ú Aibréan 2021

**Rosalind Carroll**
Príomhfheidhmeannach

7ú Aibréan 2021

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020<br>€ | Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh) / Barrachas don Bhliain Airgeadais | | **(1,565,896)** | 39,137 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas | | **345,810** | 347,084 |
| Ús faighte | 2 (b) | **(638)** | (7,684) |
| Laghdú / (Méadú) ar Infháltais | | **257** | 260,553 |
| (Laghdú) / Méadú ar Mhíreanna Iníoctha | | **(120,776)** | 263,515 |
| (Laghdú) / Méadú sa Soláthar le haghaidh Dliteanas | | **(307,866)** | (144,432) |
| **Airgead Tirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(1,649,109)** | **758,173** |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 7 | **(101,653)** | (117,768) |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta | 7 | **0** | 0 |
| **Glan-Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(101,653)** | (117,768) |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | | |
| Ús Faighte | 2 (b) | **638** | 7,684 |
| Aistriú chuig an An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | | **0** | (9,000,000) |
| **Glan-(Eis-sreabhadh) Airgid insreabhadh ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | **638** | **(8,992,316)** |
| **Glan (Laghdú) / Glanmhéadú in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | | **(1,750,124)** | **(8,351,911)** |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 1 Eanáir | | **11,055,992** | **19,407,903** |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig** | | **9,305,868** | **11,055,992** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2020

### 1 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus beartais chuntasaíochta suntasacha arna nglacadh ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta sonraithe thíos. Tá siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe.

#### Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) faoi Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, arna leasú agus tá ceannoifig an Bhoird lonnaithe in An Teach Gráin, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Tá príomhfheidhmeanna PIAB sonraithe i gCuid 3 d'Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, arna leasú.

- Measúnú cuí a dhéanamh ar mhéid na teidlíochta cúitimh in éilimh díobhálacha pearsanta laistigh de théarmaí tagartha an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar bhonn tráthúil.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é PIAB

#### Ráiteas Comhlíontachta

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ullmhaithe de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn (FRS 102) arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

#### An Bonn Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, coinbhinsiún an chostais stairiúil, de réir an chleachtais cuntasaíochta a ghlactar leis go ginearálta agus tá siad san fhormáid atá comhaontaithe leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

#### Gnóthas Leantach

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn an ghnóthais leantaigh (féach Nóta 19).

#### Ioncam

**Táillí éilitheora:**
Aithnítear táillí éilitheora ar bhonn fáltas airgid i ndiaidh iarratas a fháil éileamh a chlárú le PIAB.

**Táillí freagróra:**
Aithnítear táillí freagróra nuair a thoilítear do phróiseas PIAB sa bhliain ina dtuilltear an t-ioncam, agus ina soláthraítear an tseirbhís.

De réir rannóg 23 de FRS102, soláthar seirbhísí, Aithnítear ioncam táillí freagróra a mhéid is dócha go mbeidh tairbhe á baint ag PIAB as buntáistí geilleagracha agus gur féidir an t-ioncam a thomhas go hiontaofa. Comhlíontar na critéir seo a leanas sula n-aithnítear ioncam:

**Soláthar seirbhísí:**
Aithnítear ioncam ó chonradh chun seirbhísí a sholáthar sa tréimhse ina soláthraítear na seirbhísí de réir chéim chríochnaithe an chonartha.

Caitear le táillí íoctha roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear mar dhliteanas reatha iad.

Déantar an t-ioncam seo a fhuascailt don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta nuair a sholáthraítear an tseirbhís.

#### Costais Réamhíoctha

Tabhaíonn PIAB costais roimh thoiliú a fháil agus ag deireadh na bliana déanann sé meastachán maidir le céatadán na gcásanna sin a mbeidh toiliú dá mbarr agus caitear leis na costais seo mar réamhíocaíochtaí.

## 1 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta *(ar lean)*

### Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Sonraítear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a sholáthar de réir méid chothroim ag rátaí atá measta chun na sócmhainní a laghdú go dtí a luach inréadaithe faoi dheireadh a saolré ionchais a leanas mar:

| Feabhsuithe Léasachta | Blianta fágtha ar an léas Líne Dírí | Méid Cothrom |
|---|---|---|
| Crua-earraí / Bogearraí TF | 25.00% | Méid Cothrom |
| Trealamh Oifige | 20.00% | Méid Cothrom |
| Troscán Oifige | 12.50% | Méid Cothrom |
| Daingneáin & Feistis | 12.50% | Méid Cothrom |

### Cánachas

Tá PIAB díolmhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorparáide faoi Alt 220 d'Acht um Chomhdhlúite Cánacha, 1997. Ní bhaineann an díolúine seo le hús ar thaiscí. Sa chás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach (e.g. DIRT) déantar an glanmhéid infhaighte a chur chun sochair don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta.

### Léas Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa.

### Infháltais

Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta agus déantar foráil shonrach d'aon mhéid den bhailiúchán a mheastar atá amhrasach.

### Sochair Fostaithe

**Sochair Ghearrthéarmacha**
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Míreanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.cosúil le.

### Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an bhfoireann bhainistíochta breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar na méideanna tuairiscithe le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar an dáta tuairiscithe agus na méideanna tuairiscithe le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh difríochtaí a bheith le tabhairt faoi deara idir Feabhsuithe Léasachta iarbhíre. Ba ag na breithiúnais seo a leanas a bhí an éifeacht is suntasaí ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

### Bearnúcháin Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta le haghaidh bearnúcháin bunaithe ar cibé imeachtaí nó athruithe ar imthosca a thugann le fios go mb'fhéidir nach mbeadh an luach tugtha anonn in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a bhfuil méid tugtha anonn na sócmhainne ag sárú a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála an méid is airde de luach cóir sócmhainne lúide an costas díolacháin agus an luach úsáide.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag PIAB ar shaolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta, agus go háirithe, saolré geilleagrach úsáideach agus luachanna iarmharacha Crua-earraí/Bog-earraí TF, agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

### Forálacha

Déanann PIAB forálacha le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha, arb eol dó atá gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse. Go ginearálta, déantar na forálacha seo bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis thábhachtach eile, coigeartaithe le haghaidh treochtaí a tugadh faoi deara le déanaí más cuí. Is meastacháin iad, áfach, de chostais airgeadais teagmhas nach dtarlódh le haghaidh roinnt blianta b'fhéidir. Mar thoradh air seo agus an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an toradh a mheastar.

## 1 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta *(ar lean)*

### Forálacha

Déantar na foshuíomhanna atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha lena n-aithnítear na méideanna sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochta costas cúraim sláinte) a nuashonrú gach bliain bunaithe ar choinníollacha geilleagracha reatha, agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag na nithe seo a leanas ar na foshuíomhanna:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta sochair ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha mhargadh an tsaothair amach anseo

(iii) rátaí treochta costas cúraim sláinte, ráta boilscithe an chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

### Retirement Benefits

**Nádúr na Scéimeanna**

Tá scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe ag PIAB dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail Seirbhíse Poiblí. D'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe an scéim fostaithe in 2008. Faomhadh an scéim Pinsin Ranníocach Scoir do Chéilí agus do Leanaí in 2009.

Chomh maith leis sin, tá Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) á reáchtáil ag PIAB, ar scéim le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin ceaptha ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013.

**Saintréithe na Scéime**

Tá roinnt saintréithe sonracha luaite leis na scéimeanna: Scéim Eiseamláireach:

- Déanann PIAB ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.
- Cuimsítear sa ranníocaíocht gné fostaí mar aon le gné fostóra. In 2020, bhí an ranníocaíocht fostóra cothrom le 25% den phá comhlán, 30% le haghaidh comhaltaí foirne atá ag íoc ÁSPC Aicme B agus D.
- Tá gealltanas tugtha ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le comhaontú na Roinne Airgeadais, go n-íocfaidh an Státchiste costais na sochar nuair a bhíonn siad dlite.

Go bunúsach, breithníonn PIAB go bhfuil an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) freagrach as an oibleagáid sochar scoir a íoc, ach tá gealltanas tugtha ag an Státchiste dóthain cistí a chur ar fáil do PIAB chun aon oibleagáidí dá leithéid a réiteach thar ceann PIAB nuair a bhíonn siad dlite, ar an gcoinníoll go n-íocann PIAB ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus na bhfostóirí ag na rátaí sonraithe. Dá réir sin, glactar sna ráitis airgeadais go bhfuil Oibleagáid Sochair Scoir agus Maoiniú Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha infhaighte.

Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Chomh maith leis sin, tá ranníocaíocht fostóra iníoctha le DPER de réir Chiorclán DPER 28/2016.

Chun críocha tuairiscithe de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, cuireadh nuashonrú ar an athbhreithniú achtúireach i gcrích amhail ag an 31 Nollaig 2020.

**Dliteanais Scéime**

Déantar dliteanais na Scéime Eiseamláirí agus na Scéime Aonair a léiriú bunaithe ar luach reatha íocaíochtaí todhchaíocha tuillte ag Foireann PIAB a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Is fianaise iad costais phinsin ar shochair tuillte ag foireann PIAB sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin fostaithe, atá á gcoimeád ag an Roinn.  Tá an méid atá le cur san áireamh sna ráitis airgeadais don tSócmhainn Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha measta ag méid atá cothrom le meastachán na hoibleagáide do dhliteanais na scéime pinsin.

**Gnóthachain nó Caillteanais Achtúireacha na Scéime**

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó athruithe i dtoimhdí achtúireacha agus ó bharrachas agus easnamh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta san iarmhéid atá luaite leis an tSócmhainn Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha.

Cuimsítear i gcostais phinsin i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coiméadta ranníocaíocht an fhostóra i ndáil leis an mbliain.

### Cúlchiste Caipitil

De réir fhorálacha Alt 74A(1) d'Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2019, d'údaraigh Aire na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go bhfuil an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) chun a leibhéal reatha cúlchistí a choimeád chun críocha caiteachais PIAB i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. Chuige sin, bhunaigh PIAB cúlchiste caipitil mar atá sonraithe i nóta 16. Tá sé beartaithe ag PIAB an Cúlchiste Caipitil a úsáid chun clár oibre infheistíochta caipitil comhaontaithe a chur i gcrích, lena n-áirítear tionscadal claochlaithe dhigitigh de réir Phlean Straitéiseach PIAB 2019 - 2024.

## 2a Ioncam Táillí

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam Táillí Éilitheora | **1,501,534** | 1,526,789 |
| Ioncam Táillí Freagróirí | **7,060,397** | 9,748,262 |
| Ioncam Iarchurtha sa bhliain reatha | **(2,351,484)** | (2,239,475) |
| Ioncam Iarchurtha - Méid curtha le hioncam sa bhliain | **2,239,475** | 2,615,438 |
| | **8,449,922** | 11,651,014 |

**Ioncam Táillí Éilitheora:**
Aithnítear táillí éilitheora ar bhonn fáltas airgid thirim i ndiaidh iarratas a fháil éileamh a chlárú le PIAB. Ón 1 Meán Fómhair 2019, mhéadaigh an táille a bhain le hiarratas páipéir a dhéanamh ó €45 go dtí €90 le haghaidh gach iarratais de réir I.R. Uimh. 363/2019 - Rialacháin um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú) 2019. Is é €45 an táille atá luaite le hiarratas a dhéanamh i bhfoirm leictreonach.

**Ioncam Táillí Freagróra:**
Tá táille freagróra infheidhme nuair a thoilíonn freagróir (árachóirí nó daoine féin-árachaithe den chuid is mó) do mheasúnú á dhéanamh ag PIAB (mar atá mínithe in Acht PIAB). Tá 3 mhí ag freagróir idir fógra foirmiúil a fháil agus toiliú do mheasúnú, agus déantar toiliú a réamhshocrú ina dhiaidh sin mura dtreoraíonn freagróir do PIAB nach mian leis/léi an t-éileamh a mheas.

Aithnítear ioncam táillí freagróra nuair a thoilítear do phróiseas PIAB sa bhliain ina dtuilltear an t-ioncam, agus ina soláthraítear an tseirbhís. Tá an táille reatha cothrom le €600 de réir I.R. Uimh. 523/2012 - Rialacháin um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú), 2012.

**Ioncam Iarchurtha:**
Caitear le táillí freagróra íoctha roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear mar dhliteanas reatha iad. Déantar an t-ioncam seo a fhuascailt don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta nuair a sholáthraítear an tseirbhís.

## 2b Ioncam Eile

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ús Infhaighte | **638** | 7,684 |
| Ioncam ilghnéitheach | **54,315** | 5,272 |
| | **54,953** | 12,956 |

## 3 Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail Fhoireann PIAB | **4,514,283** | 4,536,211 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostóra | **1,066,963** | 1,048,123 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC Fostóra | **447,469** | 438,954 |
| | **6,028,715** | 6,023,288 |
| Fabhrú Saoire le Pá | **50,309** | 19,872 |
| | **6,079,024** | 6,043,160 |

* Tá €194,727 de Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (ASC) asbhainte agus íoctha leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2020, tá €210,210 d'Asbhaint a Bhaineann le Pinsean (PRD) asbhainte agus íoctha in 2019.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| **Líon Comhaltaí Foirne** | | |
| Meánlíon Foirne fostaithe go díreach ag PIAB Foireann coibhéis | **80.6** | 81.9 |
| lánaimseartha amhail ag deireadh na bliana | **70.8** | 70.6 |

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Díolaíochtaí an Phríomhfheidhmeannaigh** | | |
| Rosalind Carroll (ceaptha ar an 2 Márta 2020) | **114,566** | 0 |
| Conor O'Brien (d'éirigh as a chúraimí ar an 17 DF 2019) | **0** | 126,430 |
| | **114,566** | 126,430 |

Chuir an Príomhfheidhmeannach nua, Rosalind Carroll, tús lena cúraimí nua ar an 2 Márta 2020 agus is comhalta den Scéim Eiseamláireach Pinsin Seirbhíse Poiblí í (féach ar Nóta 15) agus tá a teidlíochtaí pinsin de réir théarmaí na scéime. Níl luach na sochar scoir tuillte i rith na tréimhse san áireamh anseo. D'éirigh an t-iar-Phríomhfheidhmeannach, Conor O'Brien, as a chúraimí ar an 17 Deireadh Fómhair 2019. Comhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (féach ar Nóta 15) ba ea é agus bhí a theidlíochtaí pinsin de réir théarmaí na scéime.

## 3 Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara *(ar lean)*

**Príomhphearsanra Bainistíochta**
Cuimsítear i measc phríomhphearsanra bainistíochta an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin - an Stiúrthóir Oibríochtaí, an Stiúrthóir um Sheirbhísí Tacaíochta Gnó, an Stiúrthóir um Sheirbhísí Corparáideacha agus an Stiúrthóir Airgeadais. Tá eolas maidir le luach iomlán na sochar fostaí do phríomhphearsanra bainistíochta sonraithe thíos:

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| An tuarastal comhiomlán iomlán & sochair ghearrthéarmacha | **563,371** | 576,085 |

Tá teidlíochtaí pinsin na bpríomhphearsanra bainistíochta de réir théarmaí na Scéime Eiseamláirí Pinsin Seirbhíse Poiblí (féach ar Nóta 15). Níl luach na sochar scoir tuillte i rith na tréimhse san áireamh anseo.

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí**
Tá sochair ghearrthéarmacha fostaí sa bhreis ar €60,000 á gcatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|
| **Raon Tuarastail** | **2020** | 2019 |
| 60,000 - 69,999 | **5** | 4 |
| 70,000 - 79,999 | **6** | 6 |
| 80,000 - 89,999 | **10** | 10 |
| 90,000 - 99,999 | **6** | 7 |
| 100,000 - 109,999 | **3** | 2 |
| 110,000 - 119,999 | **1** | 2 |
| 120,000 - 129,999 | **2** | 1 |
| 130,000 - 139,999 | **0** | 0 |
| 140,000 - 149,999 | **0** | 0 |
| 150,000 - 159,999 | **0** | 0 |
| | **33** | 32 |

Tabhair faoi deara: Chun críocha an fhaisnéisithe seo, cuimsítear sna sochair fostaí gearrthéarmacha a bhaineann le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal agus liúntais ragoibre, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| **Ranníocaíocht Pinsin Fostóra** | | |
| An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | **99,240** | 114,577 |
| Scéim Eiseamláireach | **960,459** | 933,545 |
| | **1,059,699** | 1,048,122 |

## 4 Táillí agus Costais Bord

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Táillí Boird | **80,370** | 68,499 |
| **De réir an Chomhalta Boird** | | |
| Dermot Divilly - Cathaoirleach | **20,520** | 20,520 |
| Walter Cullen | **11,970** | 11,970 |
| Margot Slattery | **11,970** | 11,970 |
| Nuala Jackson | **11,970** | 11,970 |
| Aengus Cummins | **11,970** | 7,980 |
| Karen Furlong | **11,970** | 997 |
| Martin Naughton | **0** | 3,092 |
| | **80,370** | 68,499 |

Níor íocadh aon táillí leis na Comhaltaí Boird seo a leanas i rith 2020: Breda Power, An Dr Jean O'Sullivan, Colette Crowne, Cathal Lafferty, John Shine agus Rosalind Carroll mar gur cuireadh an prionsabal 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' i bhfeidhm. Níor íocadh aon chostais a bhain leis an mBord i rith na bliana.

## 5a Costais Próiseála Éileamh - Costais Ionaid Seirbhíse Seachfhoinsithe

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Costais Ionaid Seirbhíse Seachfhoinsithe | **1,784,883** | 2,425,568 |
| | **1,784,883** | 2,425,568 |

## 5b Costais Próiseála Éileamh - Costais Leighis

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Táillí Leighis a bhaineann le héileamh | **4,503,592** | 7,148,357 |
| Costais Eile a bhaineann le héileamh | **108,151** | 129,567 |
| Costais a bhaineann le héileamh Aisíoctha / atá le haisíoc | **(4,611,743)** | (7,277,924) |
| Costais Próiseála Éileamh Réamhíoctha sa bhliain reatha | **(168,384)** | (206,607) |
| Costais Próiseála Éileamh Réamhíoctha - curtha ar fáil sa bhliain | **206,607** | 239,465 |
| | **38,223** | 32,858 |
| **Iomlán** | **1,823,106** | 2,458,426 |

Mar chuid de phróiseas PIAB coimeádann sé seirbhísí raon cleachtóirí gairmiúla, cleachtóirí leighis go príomha. Tugtar éagsúlacht faoi deara sna costais a bhaineann le héileamh leighis a phróiseáil de réir an éilimh. Bunaithe ar mheánmhéid ama an phróisis tabhófar costais próiseála éileamh in 2021 a bhaineann le toilithe faighte in 2020, agus ní sholáthraítear na costais seo sna ráitis airgeadais. Áirítear i gcostais próiseála éileamh tabhaithe cuid de na costais réamhthoilithe a réamhíoctar in 2021. Fuasclaítear an réamhíocaíocht nuair a fhaightear táille an fhreagróra.Aisíocann an freagróir costais próiseála éileamh (5 b) le PIAB (Féach ar Nóta 8 (a)) Táillí Infhaighte - Táillí a Bhaineann le hÉileamh)

## 6 Caiteachas

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| **Costais Chóiríochta & Tógála** | | |
| Cíos, Rátaí agus Muirir Sheirbhíse | **268,138** | 308,238 |
| Glanadh & Slándáil | **42,449** | 48,955 |
| Solas & Teas, Cothabháil agus Eile | **37,961** | 49,752 |
| | **348,548** | 406,945 |
| **Costais Earcaíochta, Oiliúna & Oideachais** | | |
| Costais Oiliúna, Oideachais agus costais eile | **36,924** | 28,826 |
| Comhairleacht AD | **11,109** | 13,561 |
| Costais Fógraíochta, Agallamh agus costais earcaíochta eile | **(743)** | 80,778 |
| | **47,290** | 123,165 |
| **Costais Faisnéise, Taighde & Cumarsáide** | | |
| Feasacht Phoiblí | **91,425** | 117,332 |
| Comhairleacht Caidrimh Phoiblí agus Cumarsáide | **47,251** | 32,468 |
| Foilseacháin | **32,046** | 29,984 |
| Fógraíocht - Eile | **25,465** | 25,771 |
| | **196,186** | 205,555 |
| **Costais Iniúchta & Ghairmiúla, Dlíthiúla & Chomhairleachta** | | |
| Táillí Gairmiúla | **149,471** | 208,807 |
| Tacaíocht Soláthair | **0** | 10,824 |
| Iniúchadh Inmheánach | **25,179** | 31,867 |
| Iniúchadh | **17,000** | 17,000 |
| Comhairleacht Airgeadais | **3,994** | 3,879 |
| Comhairle Dlí Ghinearálta | **111,295** | 115,141 |
| Foráil Dlí Bhreise (Nóta 11) | **230,000** | 250,000 |
| Fuascailt Foráil Dlí (Nóta 11) | **(348,641)** | (466,117) |
| | **188,298** | 171,401 |
| **Costais Chomhairleachta** | | |
| Comhairleacht TF | **4,428** | 18,327 |
| Clár Claochlaithe Dhigitigh | **(25,597)** | 432,464 |
| | **(21,169)** | 450,791 |
| **Iomlán** | **167,128** | 622,192 |

Áirítear i gcostais chomhairleachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don fhoireann bhainistíochta agus ní áirítear iontu feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

## 6 Caiteachas *(ar lean)*

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costais TF & Teileachumarsáide** | | |
| Tacaíocht & Cothabháil TF | **250,930** | 283,127 |
| Táillí Cheadúnas TF | **202,408** | 193,757 |
| Costais Óstála | **86,273** | 93,287 |
| Costais Teileachumarsáide | **68,759** | 75,483 |
| Seirbhís Phriontála Bainistithe | **5,929** | 15,435 |
| Slándáil TF | **9,196** | 13,384 |
| Trealamh TF - Foireann ag Obair ó Chian | **40,410** | 0 |
| Costais TF Eile | **13,190** | 8,076 |
| | **677,094** | 682,549 |

| | | |
|---|---|---|
| **Costais Riaracháin Ghinearálta** | | |
| Postas | **185,646** | 442,634 |
| Árachas | **41,465** | 38,343 |
| Ús & Táillí Bainc | **25,152** | 21,516 |
| Díscríobhanna Táillí a bhaineann le hÉilimh | **18,948** | 44,342 |
| Stáiseanóireacht Oifige | **7,645** | 25,022 |
| Ús Íoc Pras | **4,966** | 1,147 |
| Siamsaíocht/Fáilteachas - Foireann | **4,373** | 11,543 |
| Siamsaíocht/Fáilteachas - Cliant | **0** | 818 |
| Taisteal & Cothú Foirne- Náisiúnta | **1,354** | 13,120 |
| Taisteal & Cothú Foirne- Idirnáisiúnta | **0** | 1,429 |
| Costais Ilearraí | **165** | 2,212 |
| Díscríobhanna Táillí Freagróra | **31,800** | 34,200 |
| Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasach | **(15,302)** | 30,931 |
| | **306,214** | 667,258 |

## 7 Sócmhainní Seasta

| | Feabhsuithe Léasachta | Crua-earraí/ Bogearraí TF | Trealamh Oifige | Troscán Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas / Luacháil** | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir | 634,221 | 1,387,047 | 49,084 | 61,939 | 2,132,290 |
| Breiseanna | 0 | 100,539 | 0 | 1,113 | 101,653 |
| Diúscairtí | 0 | (144,759) | 0 | 0 | (144,759) |
| Amhail ar an 31 Nollaig | 634,221 | 1,342,827 | 49,084 | 63,052 | 2,089,184 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Amhail ar an 1 Eanáir | 253,689 | 920,888 | 38,071 | 21,676 | 1,234,324 |
| Muirear | 95,133 | 239,080 | 4,067 | 7,530 | 345,810 |
| Diúscairtí | 0 | (144,759) | 0 | 0 | (144,759) |
| Amhail ar an 31 Nollaig | 348,822 | 1,015,209 | 42,138 | 29,206 | 1,435,376 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | |
| **Amhail ag an 31 Nollaig 2020** | **285,398** | **327,618** | **6,946** | **33,846** | **653,808** |
| Amhail ag an 31 Nollaig 2019 | 380,532 | 466,159 | 11,013 | 40,263 | 897,966 |

## 8a Infháltais

| | **2020** | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Táillí Infhaighte: | | |
| *Táillí Freagróra* | **887,400** | 784,800 |
| *Táillí a bhaineann le hÉileamh* | **763,373** | 816,630 |
| Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasach | **(128,159)** | (143,461) |
| Ús Infhaighte | **55** | 374 |
| Réamhíocaíochtaí | **291,224** | 384,646 |
| Féichiúnaithe Eile * | **49,533** | 20,694 |
| | **1,863,426** | 1,863,683 |

* Tá costas pinsin seisear pinsinéirí PIAB á nglanadh ag PIAB agus á aisíoc ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. In 2020 bhí an costas iomlán cothrom le €144,360, agus aisíocadh €144,265 i rith na bliana.

## 8b Airgead Tirim & Coibhéisí Airgid Thirim

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | **996,671** | 997,726 |
| Taiscí Gearrthéarmacha | **8,309,198** | 10,058,266 |
| | **9,305,869** | 11,055,992 |

## 9 Míreanna Iníoctha

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Méideanna Iníoctha | **160,219** | 435,162 |
| Fabhruithe | **819,919** | 794,085 |
| Cánacha & Leas Sóisialach | **215,207** | 261,004 |
| Dliteanas Pinsin * | **134,118** | 107,524 |
| Creidiúnaithe Eile | **122,071** | 109,646 |
| Tairseach na nAturnaetha - Íocaíochtaí sa Chuntas | **118,085** | 94,982 |
| Ioncam Iarchurtha (Nóta 10) | **2,351,484** | 2,239,475 |
| | **3,921,102** | 4,041,878 |

* Ranníocaíochtaí Pinsean Fostóra agus Fostaí agus ASC/PRD

## 10 Ioncam Iarchurtha

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | **2,239,475** | 2,615,438 |
| Ioncam Iarchurtha curtha ar fáil sa bhliain (Nóta 2) | **2,351,484** | 2,239,475 |
| Méid fuascailte le haghaidh ioncaim sa bhliain | **(2,239,475)** | (2,615,438) |
| | **2,351,484** | 2,239,475 |

Caitear le táillí freagróra íoctha roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear mar dhliteanas reatha iad.

Déantar an t-ioncam seo a fhuascailt don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta nuair a sholáthraítear an tseirbhís.

## 11 Forálacha

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | **617,868** | 762,300 |
| Foráil Bhreise (Nóta 6) | **230,000** | 322,867 |
| Úsáidte sa Bhliain | **(189,226)** | (1,182) |
| Laghdú ar Fhoráil | **(348,641)** | (466,117) |
| | **310,002** | 617,868 |

Is éard atá i gceist i bhforálacha meastachán stuama maidir le dliteanais a d'fhéadfadh a bheith le n-íoc ag tríú páirtithe, i ndáil le caingne dlí fógartha roimh dheireadh na bliana. Bunaithe ar nádúr a chuid oibríochtaí, tá baint ag PIAB le roinnt gníomhaíochtaí éagsúla, go príomha an t-athbhreithniú breithiúnach ar Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003. Tá na forálacha seo bunaithe ar mheasúnú ar na costais dhóchúla a bhaineann le caingne/éilimh aitheanta a chosaint, a mhéid agus is féidir a leithéid sin de chostais a mheas go hiontaofa. Cuimsítear sna toimhdí a dhéantar nuair a bhíonn an leibhéal cuí soláthair á meas an toradh is dócha a bheidh ag na gníomhartha, treocht costas dlí amach anseo (ár gcostais féin agus costais tríú páirtí) agus an dáta measta a éistfear an chaingean/na héilimh agus na hamlínte is dócha a bheidh i gceist. Déantar na forálacha a athbhreithniú gach mí, agus de réir mar a bhíonn níos mó faisnéise ar fáil, agus ina dhiaidh sin próiseáiltear aon laghdú nó méadú riachtanach sa soláthar. Tá PIAB sásta go bhfuil an meastachán is fearr agus is féidir déanta aige le haghaidh soláthar cuí sna ráitis airgeadais don toradh a bhfuil súil leis.

## 12 Forálacha

**Caingne Dlí**

Mar atá sonraithe i Nóta 11 PIAB, ó am go ham, bíonn PIAB páirteach i gcaingne dlí éagsúla. Déanann PIAB foráil iomlán le haghaidh costas dlí ionchais a bhaineann leis na cásanna atá fógartha dó (Nóta 11). Tá seans ann go ndéanfar roinnt cásanna breise a fhógairt do PIAB amach anseo a bhaineann le cinntí a rinneadh roimh an 31 Nollaig 2020. Ní féidir an éifeacht airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid sin d'éilimh a mheas.

## 13 Gealltanais Airgeadais

**Léasanna oibriúcháin**

Tá úsáid á baint as PIAB as dhá urlár in An Teach Gráin, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh léasaithe ó Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus cosnaíonn an léas €188,554 sa bhliain agus tá téarma léasa fiche bliain bunaithe ar cuireadh tús leis in Aibreán 2004.

Ag an 31 Nollaig 2020 bhí na híosíocaíochtaí léasa todhchaíocha seo a leanas á ndéanamh ag PIAB faoi léasanna oibriúcháin neamhchealaithe le haghaidh gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | **188,554** | 188,554 |
| Iníoctha laistigh de idir dhá agus cúig bliana | **424,246** | 612,800 |
| Iníoctha i ndiaidh cúig bliana | **0** | 0 |
| | **612,800** | 801,354 |

Aithníodh íocaíochtaí léasa oibriúcháin mar chostas a bhí cothrom le €188,554 (2019: €189,555).

## 14 Gealltanais Chaipitil

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Conradh le haghaidh (Conradh Sínithe) | **0** | 125,936 |
| | **0** | 125,936 |

## 15 Cur Chuige Cuntasaíochta le haghaidh Sochair Scoir

Tá scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe ag PIAB dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail Seirbhíse Poiblí. D'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe an scéim fostaithe in 2008. Faomhadh an scéim Pinsin Ranníocach Scoir do Chéilí agus do Leanaí in 2009.

Faoi Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, bíonn iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair").

Baineann roinnt saintréithe sonracha leis an scéim eiseamláireach (féach ar nóta 1. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta)

**Luacháil Achtúireach**
Choimisiúnaigh PIAB luacháil achtúireach ar dhliteanais fabhraithe ag an dáta tuairiscithe, agus costas na sochar (costas seirbhíse) fabhraithe i rith na bliana. Tá an luacháil seo, a bhí bunaithe ar Mhodh Chreidiúint Réamh-mheasta an aonaid, bunaithe ar na foshuíomhanna seo a leanas:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| **Ráta Bliantúil Gafa** | | |
| Ráta lascaine | **1.15%** | 1.25% |
| Toimhde boilscithe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí) | **1.50%** | 1.50% |
| Méaduithe tuarastail | **2.75%** | 2.75% |
| Méaduithe ar an bpinsean stáit | **2.00%** | 2.00% |
| Méaduithe ar phinsin atá á n-íoc - Scéim Eiseamláireach | **2.25%** | 2.25% |
| Méaduithe ar phinsin atá á n-íoc - Scéim Aonair | **1.50%** | 1.50% |

Lena chois sin, tá na foshuíomhanna déimeagrafacha seo a leanas déanta amhail ag an 31 Nollaig 2020.

**Ionchas saoil ag 65 bliain d'aois**

| | | |
|---|---|---|
| Fear atá 45 bliain d'aois faoi láthair | **25.2 years** | 25.1 years |
| Fear atá 65 bliain d'aois faoi láthair | **22.8 years** | 22.7 years |
| Bean atá 45 bliain d'aois faoi láthair | **26.2 years** | 26.1 years |
| Bean atá 65 bliain d'aois faoi láthair | **24.3 years** | 24.2 years |

* Bunaithe ar an méid thuasluaite, tá luach láithreach na ndliteanas ag an dáta tuairiscithe cothrom le €37,741,000 [2019: €34,003,000], agus tá an costas seirbhíse (ríofa bunaithe ar na toimhdí thuasluaite) cothrom le €1,747,000 [2019: €1,345,000].

**Anailís ar chostais phinsin iomlán gearrtha ar chaiteachas**

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| **Ranníocaíocht iomlán an fhostóra** | **1,059,699** | 1,048,122 |
| Costas reatha ar sheirbhísí | **1,747,000** | 1,345,000 |
| Costas ar ús | **423,000** | 567,000 |
| Costas ar sheirbhísí roimhe seo | **0** | 120,000 |
| Coigeartú ar Chistiú Pinsin Státchiste Iarchurtha | **(2,170,000)** | (2,032,000) |
| Iomlán gearrtha ar Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe | **1,059,699** | 1,048,122 |

* Áirítear sa Chostas Reatha ar Sheirbhísí ranníocaíochtaí fostaithe ar fiú €226,844 iad in 2020 agus €211,042 in 2019.

**Gluaisdeacht sa ghlandhliteanas pinsin**

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Glandhliteanas Pinsin ar 1 Eanáir | **34,003,000** | 27,143,000 |
| Costas reatha ar sheirbhísí | **1,747,000** | 1,345,000 |
| Costas ar ús | **423,000** | 567,000 |
| Costas ar sheirbhísí roimhe seo | **0** | 120,000 |
| Cailteannais / (gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime | **705,000** | (52,000) |
| Athrú ar Fhoshuíomhanna | **1,007,000** | 5,177,000 |
| Sochair íoctha i rith na bliana | **(144,000)** | (297,000) |
| Glandhliteanas Pinsin ar 31 Nollaig | **37,741,000** | 34,003,000 |

**Stair dhliteanais scéime agus (ghnóthachain) / caillteanais ó thaithí**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Athrú sna foshuíomhanna faoi luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | **1,007,000** | 5,177,000 |
| % de dhliteanais ag deireadh na bliana | **(2.7%)** | (15.2%) |
| (Gnóthachain) / caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime | **705,000** | (52,000) |
| % de dhliteanais ag deireadh na bliana | **(1.9%)** | (0.2%) |
| **Dliteanas scéime** | **37,741,000** | **34,003,000** |

## 16 Ceangaltais Airgeadais

| | Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | Cúlchiste Caipitil | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | 9,157,895 | 0 | **9,157,895** |
| Easnamh don bhliain | (1,565,896) | 0 | **(1,565,896)** |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitiúil | (2,700,000) | 2,700,000 | **0** |
| **Iarmhéid Deiridh** | **4,891,999** | **612,800** | **801,354** |

## 17 Nochtadh Pháirtithe Ábartha

Déan tagairt do Nóta 3 le haghaidh achoimre ar luach saothair agus sochair a íocadh leis an bpríomhbhainistíocht. De réir an Chóid Chleachtais Leasaithe 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá Cóid Chleachtais i bhfeidhm ag an mBord do Chomhlachtaí Boird agus d'fhostaithe. Áirítear sna cóid seo treoir maidir le leas a nochtadh agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta seo sa bhliain atá i gceist leis na ráitis airgeadais seo.

## 18 Aistriú chuig an Roinn

Déanann an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2019 foráil don Aire íocaíochtaí a iarraidh ó BMDP maidir le cistí sa bhreis atá ina sheilbh aige. Sa bhlaiin 2019, tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus tar éis measúnú a dhéanamh ar na meastacháin oibriúcháin, theagmhais agus todhchaí is fearr, d'fhaomh BMDP íocaíocht de €9 milliún don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Rinneadh an t-aistriú i mhí an Mheithimh 2019. Ní dhearnadh aon aistriú in 2020.

## 19 Gnóthas Leantach

Bhí tionchar suntasach ag Covid-19 ar BMDP ó thaobh oibriúcháin agus airgeadais de, agus cuireadh isteach ar ghnáthphróisis agus ar ghníomhaíochtaí gnó le linn na bliana. Ó thaobh chúrsaí airgeadais de, bhí laghdú i líon na n-iarratas ar éilimh díobhála pearsanta, a raibh tionchar suntasacha aige ar ár staid airgeadais agus bhí easnamh ag deireadh na bliana de €1.6 milliún in 2020. Is de bharr ár staid maidir le cúlchistí go rabhamar ábalta leanúint le hoibríochtaí.

Ós rud é go bhfuil srianta ar ghluaiseacht fós i bhfeidhm de bharr Covid-19, tá BMDP ag súil go leanfar le laghdú a fheiceáil i líon na n-iarratas ar éilimh díobhála pearsanta mar is lú go mór an seans go mbeidh timpistí ann. Beidh tionchar aige seo ar ioncam agus mar thoradh, leanfaidh BMDP ag feidhmiú le heasnamh in 2021.

Tá measúnú déanta ag lucht bainistíochta BMDP ar an staid airgeadais reatha maidir le Covid-19 agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar BMDP ar bhonn ghnóthais leantaigh. Tá an measúnú seo bunaithe ar roinnt foshuíomhanna tábhachtacha a d'fhéadfadh athrú agus a choimeádfar faoi athbhreithniú leanúnach ag an am éiginnte agus dúshlánach seo.

Bunaithe ar an measúnú reatha, tá bainistíocht BMDP den tuairim go mbeidh dóthain cúlchistí oibriúcháin reatha agus airgead ar láimh aige chun déileáil leis an easnamh oibriúcháin in 2021, agus ar an mbonn seo, leanfaidh oibríochtaí BMDP ar bhonn ghnóthais leantaigh don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2021 go dtí Márta 2022.

## 20 Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh athrangú ar roinnt suimeanna don bhliain roimhe seo ar mhaithe le comhsheasmhacht le léiriú na bliana reatha. Ní raibh tionchar ar bith ag an athrangú sin ar na torthaí a tuairiscíodh.

## 21 Faomhadh na Ráitis Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar 7 Aibreán 2021.